Eucharist—Corp Ċríost; an taḃlann Ċoisricṫe.
eulogy—sárṁolaḋ, *m*.
euphony—binneas, *m*., dea-ḟuaim, *f*.
Europe—an Eoraip, *g*.-na hEorpa.
evade (to)—seaċaint, éaló ó.
evangelist—soiscéalaí, *m*.
evaporate (to)—galú, imeaċt 'na ġail.
eve—Oíċe (Nollag), Oíċe (Ṡaṁna), etc.
even—adj. coṫrom, réiḋ.
even—adv. fiú—'níl fiú pingin agam'; féin—'níl pingin féin agam'.

evening—tráthnóna, *m.*, feascar, *m.*
event—teagmhas, *m.*, cúrsa, *m.*, eachtra, *m.*, imeachta, *pl.*; at all events—pé scéal é.
eventually—sa deireadh, fá dhó.
ever—(in past) riamh; (other tenses) choíche; always—i gcónaí; evermore—go deo, go brách; ever again—choíche arís.
evergreen—buanghlas, síor-ghlas.
everlasting—síorbhuan, mairtheannach.
every—gach; e. body—các, gach éinne, gach duine, gach uile dhuine; e. thing—gach aon ní, gach rud; e. where—gach aon (uile) áit.
evict—cur amach, cur as seilbh.
evidence—fianaise, *f.*
evident—follas, soiléir.
evil—olc, *m.*, dochar, *m.*; adj. droch-.
evil eye—súil chiorbhaithe, s. mhillte.
evolution—fás, *m.*, forbairt, *f.*
ewe—fóisc, *f.*, uascán, *m.*
ex-—ath-, iar-.
exact—cruinn-cheart, baileach.
exact (to)—baint amach, tobhach (cíosa).
exaggeration—áibhéil, scoilléathan, *m.*, bladhman, *m.*
exalt (to)—móradh, móraim; -ed—mórga.
examination—scrúdú, *m.*, breathnú, ceistiú; -ner—scrúdaitheoir.
example—sampla, *m.*, eisiomplair, *f.*
exasperate (to)—crá, ciapadh; adj. cráite, ciapaithe.
excavate—cartadh, tochailt.
exceed (to)—(dul) thar; e. limit—dul thar teorainn; e. authority—dul thar údarás.
excel (to)—sárú; breith barr, deárscnú.
excellent—ar fheabhas, thar barr; -ence—feabhas, *m.*, deárscnacht, *f.*
except—ach amháin, ach ab é.
exception—eisceacht, *f.* I except—ní áirmhím.
excess—iomarca, *f.*, sa bhreis, *f.*; -ive—iomarcach.
exchange—malairt; to e.—malartú.
excite (to)—corraí, meadhrú; -ed—corraithe, ar mire.
exclamation—liú, *m.*, éamh, *f.*, uaill, *f.*, alp, *m.*
exclude (to)—cur (fág) as; I e.—fágaim (cuirim) as, ní áirmhím.
excommunication—coinneall-bháthadh; -ted—faoi c. b.
excrement—an fearradh, *m.*, garr, *m.*
excruciating—céasta, peannaideach.
excursion—turas, *m.*, cuaird, *f.*
excuse—leithscéal, *m.*; to e.—gabháil leithscéil; ex. me—gaibh mo l.
execute—carry out—cur i gcrích (i bhfeidhm); to put to death—bású, cur chun báis; -tioner—básaire, *m.*
executor—seiceadúir, *m.*
exemplary—dea-shamplach.
exempt—saor (ó); to e.—saoradh ó.
exercise—(physical) cleachtadh lútha, gleacaíocht, *f.*; e. book—leabhar cleachta.
exertion—dua, *m.*, saothar, *m.*
exhaust (to)—traochadh, tnáthadh; (to use up) caitheamh, ídiú;—ed-traochta, tnáite, caite.
exhibit (to)—taispeáint, taispeánaim; -tion—taispeántas, *m.*
exile—(person) deoraí; in e.—ar deoraíocht, *f.*
exists—tá ann; in -tence—ann, ar marthain, ar fáil.
exit—slí (bealach) amach; gabháil amach.
exorcism—díbirt deamhan.
expand (to)—leathadh, méadú, forbairt, *f.*, for-leathnú.
expect—I e.—tá coinne (súil) agam le.
expedition—eachtra, *f.*, feachtas, *m.*
expel (to)—cur amach, díbirt.
expend (to)—caitheamh, caithim.
expense—costas, *m.*; -sive—costasúil.
experience—taithí, *f.*, cleachtadh, *m.*
experiment—triail, *f.*, *g.*-trialach, turgnamh, *m.*
expert—adj. eolach, saineolach, oilte; e. person—eolaí, saineolaí, *m.*
expiation—cúiteamh, *m.*, cúitim.
expiration—críoch, *f.*, deireadh, *m.*
expire (to die)—éag, d'fháil báis.
explain (to)—míniú, léiriú, poilsiú.
explode (to)—pléascadh.
exploit—gníomh, *m.*, beart, *f.*, éacht, *m.*
explore (to)—fionnachtain, *f.*; -er—fionnachtóir, *m.*
export—allmhuiriú, easportáil, *f.*
expose (to)—foilsiú, nochtadh; (reveal a secret)—scéitheadh ar.
expound (to)—míniú, léiriú.
express—rá, cur in iúl, c. in iúl.
expression—(speech)—rá, *m.*, caint, *f.*; (of face)—dealramh, *m.*, dreach, *f.*, *g.*-dreiche.

expressive—(speech) blasta, léir, bríoṁar.
exquisite—aoiḃinn, síreaċtaċ.
extend (to)—leaṫaḋ, leaṫnú.
extensive—forleaṫan, fairsing.
extent—(size) méaḋ, *f.*; (expanse)—leiṫeaḋ, *m.*, fairsinge, *f.*
exterior—taoḃ amuiġ; adj. imeaċtraċ.
exterminate—díṫiú, scrios.
external—imeallaċ, lasmuiġ, eaċtraċ
extinct—in éag, múċta, díṫiṫe; to extinguish—cur in éag, múċaḋ.
extortion—íoc aimneontaċ.
extra—breise, *f.*, tuilleaḋ, *m.*, tar is barr.
extract (to)—baint (tarraing, fáscaḋ) as.; e. of meat, fish, fat, etc.—úsc, *m.*, súlaċ, *m.*
extraordinary — neaṁ-ċoitianta, neaṁ-ġnáṫaċ, aimspianta.
extravagant—ró-ċaiteaċ, rabairneaċ; -ance—ró-ċaiteaċas, *m.*, rabairne, *f.*; (speech) áiḃéil, *f.*
extreme—e. end—foirceann, *m.*, is sia, is faide; *in extremis*—i ndeireaḋ na feide.
extricate — scaoileaḋ, fuascailt, réiteaċ.
exude (to)—púscaḋ.
exultation—gairdeaċas, *m.*, áṫas, *m.*, glionda::, *m.*
eye—súil, *f.*, dearc, *f.*; (of needle) cró snáṫaide.
eyebrow—mala, *f.*; *g*—nn; *pl.* mailí.
eyelash—fabra, *m.*; lid—liopa, *m.*
eyesight—radarc, *f.*, aṁarc, *m.*
eyrie—nead iolair, *f.*

F

fable—faḃailscéal, *m.*, fáiṫscéal.
fabric— (cloth) anairt, *f.*, aḃras, *m.*
face—aġaiḋ, *f.*, *g.* & *pl.*-aiġṫe; to f.— aġaiḋ a ṫaḃairt ar.
facile—éascaiḋ, áisiúil, saoráideaċ; -ity—éascaíoċt, *f.*, áis, saoráid, *f.*
facsimile—macsaṁail, *f.*
fact—fíre, fíric, *f.*, deiṁin-ruḋ, *m.*
factory—monarċa, *f.*, *g.*-n.
faculty—(mental) céadfa, *f.*; (of learning) dáṁ, *m.*
fade (to)—feo, tréigean, dorcaḋ.
fagged—traoċta, tnáite.
faggots—brosna, *m.*, connaḋ, *m.*
fail (to)—teip, meaṫ.
failing—(defect) loċt, *m.*, máċail, *f.*
failure—teip, teib, *f.*, meaṫ, *m.*, meaṫlú.
faint—adj. fann, lag; to f.—dul (titim) i ḃfanntais (i laige).
fair—n. aonaċ, *m.*
fair—adj. (colour) fionn; (handsome) dóiċiúil; (quality) cuíosaċ; (just) cóir, coṫrom; (weather) breá, dea-ṡín, soininne.
fairy—sí, síofra. *m.*, síóg, *f.*
* **faith**—creideaṁ, *m.*; the faithful—na creideaṁaiġ, *pl.*, na dílsiġ, *pl.*; faithful—adj. dílis.
falcon—seaḃac, s. fiaiġ, *m.*
fall—titim, *f.*; -en—titiṫe, ar lár; I fell asleep—ṫit mo ċodlaḋ orm.
fallow—branar, *m.*
false—bréagaċ, fallsa, bréige.
falsehood—bréag, *f.*, éiṫeaċ, *m.*
falsify (to)—a ḋéanaṁ bréagaċ.
falter (to)—staonaḋ.
fame—clú, *m.* & *f.*, cáil, *f.*; -ous—clúṁail, mór-ċlú, cáiliúil, iomráiteaċ.
familiarity—coidreaṁ, *m.*, taiṫí ar,
family — muintir, *f.*, líontí, m.; (children) muirear, *m.*
famine—gorta, *f.* & *m.*
famished—leata (le fuaċt, ocras).
fan—gaoṫrán, *m.*
fancy—(imagination) saṁlú, ceapaḋ; I f. taiḃsíonn dom, is dóiġ liom.
fang—stairḟiacal, *f.*
fantastic—aisteaċ, aimspianta.
far—fada (i ḃfad) ó ḃaile, i gcéin; far side—taoḃ ṫall; how far—cad é an ḟaid? an fada?
farce—geámaíoċt, *f.*, aḃar (gnó) magaiḋ, *m.*
fare—(travel) costas taistil; (food) cóir biḋ.
faring—(on journey)—ag gluaiseaċt, ag gaḃáil na slí.
farewell—go n-éirí leat; slán (beannaċt, *f.*) leat.
farm—feirm, *f.*; -er—feirmeoir, *m.*, feilméar; -yard—buaile, *f.*, atrainn *f.*
farther—níos sia, is s.; níos faide, is f.
farthing—feoirling, *f.*
fashion—(manner) moḋ, *m.*, *g.*-a, nós, *m.*, faisiún, *m.*; -able—faisiúnta; to f.—cumaḋ.
fast—troscaḋ, *m.*; I am fasting—táim im ṫ. ag déanaṁ troscaiḋ.

fast—(quickly) mear, luaṫ; (firm) daingean, buan, ceangailte.
fasten (to)—ceangal, daingniú.
fat—blonag, *f.*, saill, *f.*; –tening—ag reaṁrú, ag dul i reiṁre.
fatal—marḃaċ, báis.
fate—cinniúint, *f.*; (destiny) dán (i ndán).
father—aṫair, *m.*, *g.* aṫar, *pl.* aiṫreaċa; –less—gan aṫair; –ly—aiṫriúil.
fatherland—tír ḋúċais, aṫair-ṫír, *f.*
fathom—feaḋ, *m.*, -a; to f.—toṁas, toṁaisim.
fatigue—tuirse, *f.*, scíṫ, *f.*; to f.—tuirsiú, cor; –ed—tuirsiṫe, corṫa, traoċta.
fault—loċt, *m.*, máċail, *f.*; –less—gan loċt.
favour—báiḋ, *f.*, faḃar, *m.*; do a f.—comaoin a ċur ar.
favourable—báigiúil, faḃraċ.
fawn—fia óg, *m.*, oisín, *m.*
fawn (to)—lútáil ar, *f.*
fear—eagla, *f.*, faitíos, *m.*; I fear—tá e. orm roiṁ. is eagal liom; –ful—eaglaċ; –less—neaṁ-eaglaċ.
feast—fleaḋ, *f.*, *g.*–fleiḋe; –ing—caiṫeaṁ fleiḋe.
feat—gníoṁ, *m.*, beart, *m.*, éaċt, *m.*
feather—cleite, *m.*
features—(face) ceannaċa, *pl.*
February—Mí Feaḃra, Féil Ḃríġde.
fee—táille, *f.*, díol, *m.*
feeble—lag, fann, anḃainneaċ.
feed—bia, béile, *m.*; to eat—iṫe; to feed—coṫú, biaṫaḋ.
feel (to), –ing—moṫú, braṫ.
feign (to)—ligean ar; –ing sickness—ligean air ḃeiṫ breoite.
fell (to)—leagaḋ.
fellow—coṁpáirtí, *m.*, compánaċ, *m.*; bed-fellow—céile leapan, c. coṁraic.
fellowship—compántas, *m.*
female—baineann, ban-, n. baineannaċ, *f.*
femur—cnáṁ leise, *m.*
fence—claí, *m.*; to f. in—c. a ċur le.
fencing—beartú claiḋeaṁ, pionsaireaċt, *f.*
ferment (to)—aḃrú, coipeaḋ, éirí.
fern—raiṫneaċ, *f.*
ferocious — fíoċṁar; –city—fíoċṁaire.
ferret—firéad, *m.*
ferric, -rous—iarnaí.
ferrule—bianna, *m.*
ferry—tairbeart, *m.*, calaiṫe, *m.*, aiseag, *m.*; f. boat—bád calaiṫe, bád t.
fertile—torṫúil; to –lise—toirrċiú.
fervour—dúṫraċt, díograis; fervent—dúṫraċtaċ, díograiseaċ.
fester (to) — déanaṁ (teaċt ċun) oṫrais, ag boirbiú.
festival—féile, *f.*
fetch (to)—breiṫ (leat), taḃairt (leat).
fetter—laincis, *f.*; to f.—cur laincise.
feud—fala, *f.*, sean-ḟala.
feudalism—feodaċas, *m.*
fever—fiaḃras, *m.*; -ish—fiaḃrasaċ.
few—a f.—beagán, roint ḃeag; adj., gann, beag, tearc.
fibrous—snáṫaċ, guaireaċ.
fibula—caol-ċnáṁ lurgan.
fickle—guagaċ, éiḋílis.
fiction—finnscéal, *m.*, cumadóireaċt, *f.*, bréag-scéal, *m.*
fictitious — neaṁ-fíor, n.-ḟírinneaċ, bréige.
fiddle—ḃeiḋlín, *m.*; –ling with—méirínteaċt le.
fidelity—dílse(aċt) *f.*
fidgetty—corraṫónaċ, guairneánaċ.
fie—Oh fie!—Ó faire! Mo náire ṫú!
field—páirc, *f.*; tilled f.—gort, *m.*, cuiḃreann, *m.*
field-fare—(bird) siocán, *m.*
fiend—diaḃal, *m.* deaṁan, *m.*
fierce—fíoċṁar.
fiery—lasúil, tintí.
fife—fideog, *f.*
fifteen—cúigdéag; 15th—an cúigiú (ceann) déag; 15 men—cúig feara déag.
fifty—leaṫċéad, caoga, *m.*; 50th—an caogadú.
fig—fige, *f.*; f. tree—crann f.; a fig (fruit)—fig-úll.
fight—troid, *f.*, coṁrac, *m.*
figure—uiṁir, *f.*, *g.*–uiṁreaċ.
figure—(shape) cruṫ, *m.*, fíor, íor, *m.*; –rative—fíreaċ.
filament—gaisín, *m.*, ribe, *m.*
file—(tool) líoṁán, *m.*; to file—líoṁaḋ; (of papers) coṁad, *m.*; filings—líoṁóga, raḃ, *f.*
fill (to)—líonaḋ; my f.—mo ḋóṫain, *m.*, mo ṡáiṫ, *f.*
fillet—filléad, *m.*

filly—searrac, *m.*
film — scannán, *m.*; (on liquid) scream, *f.*
filter (to)—scagad; n. scagaire, *m.*, n. síothlán, *m.*
filth—salchar, *m.*, bréantas, *m.*; -thy —salach, bréan.
fin—ioróg, *f.*
final—déanach, deiridh.
finance — airgeadas, *m.*; -cial— airgeadais.
find (to)—fáil, gheibhim (fagaim); imp.—faigh; aimsiú.
fine—n. fíneáil, *f.*; to f.—f. do chur ar.
fine adj.—mín; beautiful—breá; thin—caol, tanaí, fíneálta.
finger—méar, *f.*
finish (to) — críochnú; -ed—críochnaithe.
finite—teoranta.
fir—giúis, *f.*, crann giúise.
fire—tine, *f.*; on f.—trí t.; to f. (shoot)—scaoileadh, ligean.
firearm—arm tine, *m.*
fire brigade—briogáid toiteáin.
fireside—cois tine.
firewood—brosna, *m.*, connadh, *m.*
fireworks—gréas-soilse.
firm—adj. daingean, stóinsithe.
firm—(in trade) comhlucht, *m.*, cuideacht, *f.*
first—céad, tosaigh; at f.—ar tús, ar tosach.
fish—iasc, *m.*; to f.—iascach, *m.*; iascaireacht, *f.*; -erman—iascaire.
fishing boat—bád iascaigh; f. line—doruí, *m.*; f. hook—duán, *m.*; f. ground—láthair iascaigh, *f.*
fist—dorn, *m.*, *pl.* doirne.
fit—taom, *m.*, *g.*-a; -ful—taomach, bíogach.
fit—adj. oiriúnach, feiliúnach; to fit—oiriúint, feiliúint; -tings—oiriúintí, *f.*, córacha, *f.*, gléasra, *m.*; fitter—gléasadóir, *m.*
five—cúig; 5 persons—cúigear; fifth —an cúigiú.
fix—socrú; fixed—socraithe, daingnithe; f. date—dáta cinnte.
flag—(banner) bratach, *m.*, meirge, *f.*; f. stone—leac, *f.*
flail—súiste, *m.*
flake—(snow) calóg, lubóg, *f.*; (of wood or corn) sliseog, *f.*, slám, *f.*
flame—lasair, *f.*, *g.*-srach; bladhm, *f.*
flank—bléin, *f.*; (side) leataobh, *f.*
flannel—plainín, *m.*, báinín, *m.*
flapping—lascadh, manradh, luascadh.
flare—(of light) laom, *m.*, gath solais.
flash—splanc, *m.*, bladhm, *m.*
flash (to)—soilsiú; -ing, brilliant— soilseach, ruithneach.
flask—flaigín; gill f.—cnagaire, *m.*
flat — (ground) cothrom, réidh; to flatten—cothromú; f. of back— fleasc droma; f. taste—blas leamh.
flattery—plámás, *m.*, bladar, *m.*
flatulence—gaoth goile, brúchtaíl, *f.*
flavour—blas, *m.*, *g.*-a.
flaw—máchail, *f.*, locht, *m.*, éislinn, *f.*
flax—líon, *m.*; f. seed—ros; (tow)— bunach, *m.*
flay—feannadh; -ed—feannta.
flea—dreancaid, *f.*
flee (to)—teitheadh, teithe.
fleece—lomra, *m.*
fleet—cabhlach, *m.*
fleet—(fast)—luath, mear.
flesh—feoil, *f.*
fleshworm—míolchearthán, *m.*
flex—(cord) suaine, *f.*; -ible—ionlúbtha.
flight—(flying) eitilt, *f.*; (fleeing)— teitheadh.
flighty person—gligín, *m.*, guagaire, *m.*, piaire feá, *m.*; (girl) ruaiseog.
flimsy—scáinte, tanaí.
flinch (to)—locadh, staonadh.
fling (to)—caitheamh, teilgean.
flint—cloch thine, *f.*
flitch—cliathán, *m.*, leath-ch. muice.
float (to)—snámh, *m.*; afloat—ar snámh; a f.—snámhán, *m.*
flock—(sheep) tréad, *m.*; (birds) scuain, *f.*, scata, *m.*; to flock— cruinniú, tionól.
flog (to) —léasadh, greadadh.
flood—tuile, *f.*, díle, *f.*, *g.* -ann.
floor—urlár, *m.*
flop—plab, *m.*; -ping—plabadh.
florid—dearg, luisneach, lasta.
flounce—ciumhais, *f.*, imeall, *m.*
flounder—(fish) leathóg, *f.*
flour—plúr, *m.*
flourishing—fé bhláth, ag dul ar aghaidh, ag éirí le.
flow—gluaiseacht, sruth, *m.*, caise, *f.*; fl. of tide — teacht (imeacht) na taoide.
flower—bláth, *m.*, scoth, *m.*; -ry— bláfar.

flue—simné, *m.*, múchán, *m.*
fluent—blasta, réidh-labhartha.
fluff—clúmh, *m.*
fluid—lacht, *m.*
fluke—(disease) puchán, *m.*
fluorescent light—flúr-shoilse, *f.*
flurry—fotharaga, *m.*
flush—luisne, *f.*, lasadh.
flush (to)—(water) tuiliú, tonnú, scárdadh; to f. game—múscailt.
flute—feadóg, *f.*
flux—caise, *f.*, sconna, *m.*
fly—cuil, *f.*, míoltóg, *f.*
fly (to)—eitilt, *f.*; flying flag—bratach ar foluain, ag manradh.
foam—cúr, *m.*, cúrán bán, cáitheach, *m.*
focus—fócas, *m.*
fodder—bia eallaigh, *m.*
foe—namha, *f.*
fog—ceo, *m.*; foggy—ceoch; f. horn—buinneán, *m.*
foil (to)—sárú, *m.*, cosc, *m.*
fold (to)—filleadh.
fold—(sheep f.)—loc caorach, *m.*
foliage—duilliúr, *m.*
folio—filltеog, *f.*
folk—muintir, *f.*, aicme, *m.* & *f.*, dream, *m.*, lucht, *m.*
folklore—béaloideas, *m.*, seanchas, *m.*, sean-oideas, *m.*
follow (to)—leanúint, *f.*; -ers—lucht, leanúna *m.*; -ing day—lá arna mhárach; as follows—mar leanas, (iad) so leanas.
folly—baois, *f.*, díth céille, *f.*
fondness—cion, *m.*, *g.*-ceana; fond—ceanúil, ionúin, grách.
font—umar, *m.*, tobar, *m.*; baptismal f.—t. (u.) baistí.
food—bia, *m.*, *g.*-bídh.
fool—amadán *m.*; foolish—amadántúil, óinsiúlta, baoth, dí-chéillí.
foot—troigh, *f.*, cos, *f.*; -soldier—troitheach, *m.*; -ball—peil, *f.*, liathróid coise, *f.*; -bath—ní (ionladh) cos; -bridge—droichead coise, *m.*, -falls—glór cos, *m.*; -gear—fearas cos; -lights—soilse íochtair; -man—giolla coise, *m.*; -mark—lorg coise, *m.*; -path—cosán, *m.*; -rope—téad bhuinn, *f.*; -step—coiscéim, *m.* & *f.*; -way—bealach siúil, *m.*; -sore—cois-tinn; go on foot—dul de shiúl cos; swift-footed—troigh-éascaidh; light-f.—troigh éadtrom.
fop—gaige, *m.*, geáitseoir, *m.*
for—do, le haghaidh, i gcomhair, ar son; (during)—ar feadh, go ceann; for a penny—ar phingin; for nothing—in aisce; for no cause—gan chúis.
forage (to)—cuardach bídh, soláthar lóin.
forbear (to)—foighneamh le.
forbearance—foighne, *f.* fulang, *m.*
forbid (to)—cosc, *m.*, bacadh; -den fruit—úll na haithne.
force—neart, *m.*, éigean, *m.*; foirneart, *m.*, lámh láidir, *f.*, fórsa, *m.*; (army)—fórsa(í); to f.—éigniú, cur d'iachaibh ar.
forceps—mion-tlú, *m.*, tlúitín.
ford—áth, *m.*; to f.—dul thar (abhainn), cur átha de.
fore—roimh, réamh-
forearm—brac íochtair, *m.* and *f.*
foreboding—tuar, *m.*, rabhadh, *m.*
forecast—faistine, *f.*; to f.—réimhinsint.
forefather—sinsear, *m.*
forefinger—méar thosaigh, *f.*
forefront—tosach, *m.*
foregoing—réamhráite.
forehead—éadan, *m.*, mala, *f.*, *g.* -n.
foreign—iasachta, coigríochach, eachtrannach, gallda.; f. person—duine iasachta; coigríochach, *m.*
forelock—glib, *f.*, dlaoi tosaigh, *f.*
foreman—saoiste, *m.*, ceann foirne.
foremost—(first) tosaigh.
foresail—seol tosaigh.
foresight — réamh-fhéachaint, breathnú roimh.
forest—foraois, *f.*
foretell (to)—tairngireacht, *f.*, tairngirim, faistine a dhéanamh.
forethought—réamh-mhachnamh, *m.*
foreword—réamh-fhocal,
forfeit (to)—cailliúint, baint de.
forge—ceárta, *f.*, *g.* -n.
forgery—bréag-chruthú; síniú bréige, scríbhinn bhr.
forget (to)—dearmad, *m.*, dearmadaim.
forgiveness—maithiúnachas, *m.*; to forgive—maitheamh do.
fork—gabhal, *m.*, gabhlóg, *f.*
forlorn—tréigthe, uaigneach.
form—cruth, *m.*, cuma, *f.*, foirm, *f.*, riocht, *m.*; to f.—cumadh, cruthú
formidable—láidir, tréan, do-sáraithe, cumasach.

formula—ḟoiṙmle, *f.*
fornent—ós coṁair, ós coinne.
forsake (to)—tréigean, tréigim, tugaim cúl le.
fort—daingean, *m.*, dún, *m.*, lios, *m.*
forth—(outwards) amaċ.
forthcoming—ag teaċt, seo ċugainn.
forthwith—láiṫreaċ, l. bonn, ar an dtoirt.
fortification—dún, *m.*, daingean cosanta; to fortify—daingniú.
fortitude—fadḟulang, *m.*, foiġne, *f.*
fortnight—coicíos, *m.*
fortunate—áṁaraċ.
fortune—ád, *m.*, *g.* -áid, raṫ, *m.*; (dowry)—spré, *f.*
fortune-teller—bean feasa.
forty — daċad, ceaṫraċa; 40th—an daċadú.
forward—ċun tosaiġ, ċun cinn, ar aġaid.
foster (to)—altrom, *m.*; -mother—máṫair altroma; -child—leanḃ a.; -age—uċtṁacad, *m.*
foul—bréan; f. play—feall, *f.*
found (to)—bunú, cur ar bun; -er—bunadóir, *m.*; -ation—bonn, *m.*, fondúireaċt, *f.*
founder (metal)—fondúir miotail, *m.*; -dry—muileann iarainn, *m.*
founder (to sink)—dul fé, dul go tóin poill.
foundling—leanḃ tréigṫe.
fountain—tobar, *m.*, foinse, *f.*
four—a ceaṫair, ċeiṫre; 4 people—ceaṫrar, *m.*; 4th—an ceaṫrú; $\frac{1}{4}$—an ceaṫrú cuid, ceaṫrú, *f.*
fowl—*pl.* cearca, éanlaiṫ tí.
fox—sionnaċ, *m.*, madarua, *m.*
foxglove—lus mór, méaracáin (na mban) sí.
fracture—briseaḋ, *m.*, cnag, *m.*
fragile—briosc, leoċaileaċ.
fragment—blúire, *m.*, bloġ, *m.*, giota, *m.*
fragrant—cuṁra; -ance—cuṁraċt, *f.*
frail—fann, lag, leoċaileaċ; -ty—laige, *f.*, anḃainne, *f.*, leoċailí.
frame—fráma, *m.*; fishing line f.—glinne, *f.*
franchise—ceart ḃótála, *m.*, saoirse ḃ, *f.*
frank—fírinneaċ, oscailte.
frankincense, incense—túis, *f.*
frantic—ar mire, ar buile, le báiní.
fraternal—bráiṫriúil.

fraud—calaois, *f.*, claon-ḃeart, *m.*; -ulent—calaoiseaċ, claon.
fray—(fight) troid, *f.*, bruíon, *f.*, caṫ, *m.*
freckles—breicneaċ, *f.*
free—saor, scaoilte; to f.—fuascailt, scaoileaḋ saor; f. of charge—in aisce.
freedom—saoirse, *f.*
freeman (citizen)—saoránaċ, *m.*
freezing—ag cur seaca, cuisne; I freeze—reoim; frozen—reoite.
freight—luċt, *m.*, ualaċ, *m.*, last, *m.*
French,-man—Francaċ, *m.*; (lang.) Fraincis, *f.*
frenzy—buile, *f.*, mire, *f.*, dásaċt, *f.*
frequent—minic; to f.—gnáṫú; -ency—minicíoċt, gnáṫaṁ, *m.*
fresh—úr; -ness—úire, *f.*; f. water—fíor-uisce, *m.*
fret—crá; don't fret—ná bí ad ċrá féin; in a fret—cráite.
friable—briosc, indeiġilte.
friar—bráṫair, *m.*, *g.*-bráṫar, *pl* bráiṫre.
friction—friṫ-ċimilt, *f.*, scríobaṫ le; enmity—easaontas, aċrann, *m.* neaṁ-réiteaċ, *m.*
Friday—Dé hAoine. An A., *f.*; Good Friday—A. an Ċéasta.
friend—cara, *f.*, *g.* -d; -ly—cairdiúil; -ship—caradas, *m.*
frieze—bréid, *f.*, bréidín, *m.*
fright—scanraḋ, *m.*, sceon, *m.*; -ful—scanraiṫeaċ, -rúil, sceonúil.
frigid—fuar, oiġreata; f. zone—crios oiġreata (uarga).
fringe—faḃra, *m.*, imeall, *m.*, ciuṁais, *f.*; forelock—glib, *f.*
frisk—rince, *m.*, daṁas, *m.*; -ky—luaimneaċ, rinceaċ.
frivolous—dí-ċéillí, éaganta, neaṁḟuaimeantúil, neafuiseaċ.
frock—gúna, *m.*
frog—loscann, *m.*, frog, *m.*; f. spawn—glóṫaċ (scéiṫ) frog.
frolic—scléip, *f.*, súgra, *m.*, ranncás, *m.*
from—ó, as, de, ar; *cf.*, ón mbaile, cad as? bain de (take from); cosain ar (protect from).
front—tosaċ, *m.*, aġaid; in f.—ar t., ar m'aġaid; see 'fornent'.
frontier—teora, *f.*, *g.* -nn.
frost—sioc, *m.*, *g.*-seaca, cuisne, *m.*; -ty—cuisniúil; f. bite—dó seaca.

froth—cúr, *m.*, cúrán, *m.*
frown—gruaim, *f.*, *g.* -ama, púic, *f.*
frugality—neaṁċaiteaċt, *f.*, cnóisciún, *m.*; frugal—neaṁ-ċaiteaċ, cnóisciúnta.
fruit—toraḋ; -ful—torṫúil; -less—gan toraḋ.
fry (to)—frioċaḋ; fried—frioċta.
fry—síol (eoċair) éisc.
fuel—aḃar tine.
fugitive—teifeaċ, *m.*; duine ar teiṫeaḋ.
fulcrum, pivot—lúdraċ, *f.*
fulfil (to)—coiṁlíonaḋ.
full—lán, líonta; to fill—líonaḋ.
fuller—úcaire, *m.*; -ing—reaṁrú.
fumbling — útamáil, *f.*; -bler — útamálaí, *m.*
fume—deataċ, *m.* & *f.*, gail, *f.*, gás, *m.*
fun—greann, *m.*, scléip, *f.*, aiteas, *m.*, siamsa, *m.*; funny—greannṁar, sultṁar, ait.
function—feiḋm, *f.*; to f.—feiḋmiú, oibriú; -ary—feiḋmeannaċ, *m.*
fundament—bun, bonn, *m.*; -al—bunúsaċ.
fund—ciste, *m.*
funeral—soċraid, *f.*, cóiṁéirí (cóiṁrí), *m.*
fungus—múscán, *m.*
funnel—tonnadóir, tonnaire, *m.*
fur—fionnaḋ, *m.*, clúṁ, *m.*; (on tongue, throat) coirt, *f.*, screaṁ, *f.*
furious—ar buile, ar mire.
furl (to)—(a sail)—cnósaċ, filleaḋ; unfurl—scaoileaḋ.
furnace—sorn, *m.*, fuirnéis, *f.*
furnish — gléasaḋ, cóiriú; f. an account—cuntas a ṫaḃairt, bille a ċur.
furniture—troscán, *m.*, treallaṁ, *m.*, roṫaí tí, *pl.*
furrow—clais, *f.*
further—níos sia (faide); ba ṡia (ḟaide); f. complaint—gearán eile (fós); -more—seaċas é sin, de ḃreis air sin.
furtive—folaiṫeaċ, fé ċeilt.
fury—fraoċ (feirge), mire, *f.*, ar báiní, ar craoḃaċa.
furze, gorse—aiteann, *m.*
fuse (to) — leaġaḋ; electric f.—leaġtán, *m.*; -d—leiġte.
fuss—fuasaoid, *f.*, fuirse, *m.*, f. binne; -ssy—fuasaoideaċ.
futile—gan éifeaċt, *f.*, gan ḃrí, *f.*; -ity—neaṁ-éifeaċt.
future—in f.—feasta, ar ball; f. tense—aimsir ḟaistineaċ.

G

gabbler—cabaire, *m.*
gable—binn tí, *f.*
gadfly—creaḃar, *m.*, beaċ ġaḃair, *f.*
Gael—Gael, *m.*, *g.* & *pl.* Gaeil; Gaelic — Gaelaċ; G. language—Gaeilig, Gaeilge, *f.*
gaff—gaṫa, *m.*
gag—gobán, *m.*
gain—soċar, *m.*, brabaċ, *m.*, fáltas, *m.*; -ful—tairḃeaċ.
gain (to)—(to win) bua, buaċaint, gnóṫú.
gait—imeaċt, *m.*, gluaiseaċt, *f.*
gale—séideán, *m.*, gaoṫ ṁór, *f.*
gall—domlas, *m.*
gallant—misniúil, calma, gaisciúil.
gallery—ailéar, *m.*
gallop, -ing—ar cosa-in-airde.
gallows—croċ, *f.*
gambling — (cards)—cearrḃaċas, imirt ċártaí; (betting)—geallċur, *m.*; gambler—cearrḃaċ, *m.*
gambolling—súgra, *m.*, damas, *m.*, rancás, *m.*
game—cluiċe, *f.*; (birds and animals)—seilg, *f.*, géim.
gamecock—coiliċín coc, *m.*
gander—gandal, *m.*
gammon—(bacon) liaṁás, *m.*
gang — (work party)—meiṫeal, *f.*, foireann, *f.*, luċt, *m.*
gangrene—morgaḋ, *m.*
gannet—gainéad, *m.*
gap—bearna, *f.*, *g.* -n.
gaping—béal ar leaṫaḋ, béaloscailte.
garb—éadaċ, *m.*, éide, *m.*
garbage—draiṁaíol, *m.*, cunamar, *m.*
garden—garraí, *m.*, gairdín, *m.*; -er—garraíodóir, *m.*, garnóir, *m.*
gargle—craos-ḟolcaḋ, *m.*
garland—fleasc, *f.*, bláiṫḟleasc.
garlic—gairleog, *f.*
garment—ball éadaiġ, *m.*, balcais, *f.*
garnish (to)—(adorn) maisiú.
garret—seomra uaċtair, *m.*, loċta, *m.*
garrison—dún, *m.*, daingean, *m.*, garrastún, *m.*
garter—gairtéir, *m.*

gas—gás, *m.*
gash—gearrað, *m.*, cneá, *f.*, créacht, *f.*
gasping—giorranál, *f.*, puthaíl, *f.*, saothar, *m.*
gate—geata, *m.*, -keeper—geatóir, *m.*
gather (to)—bailiú, cnósach, cnósaím; -er—bailitheoir, *m.*, cnóstóir, *m.*
gaudy—dathannach, péacach.
gauge (to)—tomhas.
gaunt—cnámhach, caol, trochailte.
gauntlet—(glove) lámhne, *f.*
gauze—mionuige, *f.*
gawk—gamal, *m.*, brabais, *f.*
gay—suairc, greadhnach, scléipeach, súgach.
gaze upon—dlúth-fhéachaint ar, stánadh ar.
gear—gléas, *m.*, gléasra, *m.*, fearas, *m.*, trealamh, *m.*
gelatine—glóthadán, *m.*, geilitín, *f.*
gem—geam, *m.*, clochbhua, *f.*
gender—inscne, *f.*
genealogy—geinealach, *m.*
general—coitionn, gnáthach, foirleathan; -ity—coitiantacht, *f.*; (mil. title)—generál, *m.*
generate (to)—geiniúin; -tor—geineadóir, *m.*; -tion (of people)—glúin, *f.*
generous—fial; -osity—féile, *f.*
genial—soilbhir, lách, caoin; -ity—soilbhre, *f.*, láiche, *f.*
genitive—geinideach.
genius—sár-éirim, *f.*, éirim dúchais, *f.*, ard-eagna(íocht); (class)—cinéal, *m.*
gentle—cneasta, tláth; (of birth)—uasal; gentry—uaisle; duine uasal, bean u.
genuflect—sléachtadh. sléachtain, *f.*, peacadh glún.
genuine—fíor, dearbh, dairíribh.
geography—tíreolas, *m.*, geograif, *f.*
geometry—céimseata, *f.*, *g.*-n.
germ—geimeog, *f.* fríd, *f.*
German—adj. & n. Gearmánach, *m.*; G. language—Gearmáinis, *f.*
germination—fás; to sprout—péacú.
get (to)—fáil, gheibhim (faighim) fachta; (fut.)—gheobhad, gheobhad; get up—(out of bed)—éirigh, bí id shuí; get-up—(dress)—gléasadh, cóiriú.
ghastly—uafar. uafásach.
ghost—taibhse, *m.*, púca, *m.*, gósta, *m.*; Holy Ghost—an Spiorad Naomh.
giant—fathach, *m.*
gibberish—gibris, *f.*, futa-fata.
gibbet—croch, *f.*
gibe—scige, *m.*, asachán, *m.*
giddiness—meidhreán cinn.
giddy—guagach, ruaiseach, neamh-shocair; g. girl—ruaiseog, *f*; g. man—glioigaire, gligín, *m.*, éagan, *m.*
gift—tabhartas, *m.*, bronntanas, *m.*, deontas, *m.*
gigantic—ollmhór, éachtach.
giggling—scitireacht, *f.*
gilded—órtha.
gill—(of fish) sceolbhach, *m.*; (of whiskey)—cnagaire, *m.*
gimlet—gimléad, *m.*, tollaire, *m.*
ginger—sinséar, *m.*; -ly—aicilli cáiréiseach.
gipsy—giofóg, *f.*
girder—cearchail, *f.*
girdle—crios, *m.*, *g.* & *pl.* creasa.
girl—gearrchaile, *f.*, girseach, *f.*, cailín, *m.*
girth — (width) téagar, *m.*; (of saddle)—giorta, *m.*
give (to)—tabhairt, beirim, tugtha.
gizzard—eagán, *m.*
gladness—áthas, *m.*; glad, gladly—áthasach, áthastúil.
glamorous—meallthach.
glance—súil-fhéachaint, silleadh (sioll-adh), dearcadh.
glare—(of light) lonradh, *m.*, loinnir, *f.*, *g.* -reach.
gland—faireog, *f.*
glass—gloine, *f.*; glassy—gloinní.
gleam—léas. *m.*, loinnir, *f.*; -ing—lonradh, *m.*
gleaning—cnósach, *m.*, bailiú deascán, *m.*
glee—meidhir, *f.*, meidhréis, *f.*; -ful—meidhreach.
glen—gleann, *m.*, *pl.* gleannta.
gl de (to)—sleamhnú.
glimmer—léas, *m.*, *g.* -a.
glimpse—radharc, *f.*
glistening, glittering—ag taitneamh, ag glioscarnaigh.
globe—cruinne, *f.*, cruinneog, *f.*
gloom—doircheacht, *f.*, dorchadas, *m.*; (mental) duairce, *f.*, gruamacht, *f*
glorious—glórmhar.
glory—glóir, *f.*
gloss—(polish) snas, *m.*; glossy-snasta.
glossary—gluais, *f.*, sanas, *m.*, foclóir, *m.*

glove—láiṁne, *f.*, *pl.* láiṁní.
glowing—lonraċ, ruiṫniúil; a glow—lonraḋ, *m.*, ruiṫniú, breóú.
glue—táṫán, *m.*, glóṫán, *m.*
glut—plúċaḋ, iomarca, *m.*
gluttony—craos, *m.*; -nous—craosaċ.
gnarl—faḋb, *f.*; adj. -aċ.
gnashing—gíoscán, *m.*, g. fiacal.
gnat—míoltóg, *f.*
gnaw (to)—creimeaḋ, cogaint.
go (to)—dul, téim; imeaċt.
goad—n. brod, *f.*; -ing.—griogaḋ; to g.—broidiú.
goal—(in games) cúl, *m.*, báire, *m.*; (of journey)—ceann scríbe, c. cúrsa; g.-keeper—cúl báire, *m.*
goat—gaḃar, *m.*; he g.—pocán; female g.—mínseaċ, *f.*
goblet—bulla, *m.*, corn, *m.*
goblin—púca, *m.*, síofra, *m.*
God—Dia.
goddess—baindia, *f.*
godfather—aṫair baistí, Cáirdeas Críost, *m.*
godly—diaga, diaganta, cráifeaċ.
godmother—máṫair ḃaistí, *f.*
godson—mac baistí, *m.*
God-speed—slán (beannaċt) le.
God's will—deoin (toil) Dé.
going—imeaċt, imím, dul, téim.
gold—ór, *m.*; -en—órga, órḃuí.
goldfinch—(bird) lasair ċoille.
goldsmith—óirċeard, *m.*
good—adj. maiṫ, fónta, dea-, so-; n. maiṫeas, *m.*, fóntaċt, *f.*, feaḃas, *m.*
goose—gé, *f.*, *pl.* géanna, géaḃaí; gander—gandal, *m.*; female g.—cráin ġé, *f.*
gooseberry—spíonán, *m.*
gore—fuil, *f.*, crú, *m.*; gory—fuilteaċ; to gore—pollaḋ, pollaim.
gorge—(river cutting) cumar, *m.*
gorge (to)—alpaḋ, slogaḋ, sacaḋ.
gorgeous—sár-álainn.
gorse—aiteann, *m.*
gospel—soiscéal, *m.*
gossip—caint, *f.*, sioscaḋ cainte, cadráil, cadrálaí, *m.*, luċt cadrála.
gossip — aṫair baistí, Cáirdeas Críost.
gout—gúta, *m.*
gouge—n. gúiste, *m.*
govern (to)—rialú, rialaím; -nor—rialaiṫeoir, *m.*

government—rialtas, *m.*
gown—gúna, *m.*
grab (to)—sciobaḋ, fuadaċ.
grace — (divine) grásta Dé; (at meals)—altú roiṁ bia, a. tar éis bíḋ; -ful (appearance)—grástúil, maisiúil, daṫúil; -less—mí-ġrástúil.
grade—(degree) céim, *f.*, grád, *m.*
gradual—céim ar ċéim, i ndiaiḋ a ċéile, beagán ar ḃeagán.
graduate—(university) céimí, *m.*
grain—(corn) arḃar, *m.*, grán, *m.*
grammar—gramadaċ, *f.*
granary—gránlann, *f.*, -ainne.
grand—breá, álainn, mór; grandeur—áille, *f.*, galántaċt, *f.*
grandchild—garṁac, *m.*, gar-iníon, *f.*
grandfather—sean-aṫair, *m.*, aṫair mór.
grandmother—sean-ṁáṫair, máṫair ċríona, m. ṁór.
grandson—mac mic, mac iníne, ua (m), *g.*-uí.
granite—cloċ eiḃir, *f.*
grant—n. deontas, *m.*; to g.—deonú.
granulate (to)—gránú.
grape—caor; *pl.* caora fíniúna.
grapple (to)—greamú, breiṫ greama; —ling iron—greamaire, *m.*
grasp (to)—greamú; I grasped—rugas greim ar; -ing—santaċ.
grass—féar, *m.*; adj., féarṁar.
grate—(fire-g.) gráta *m.*; v.-ing—scríobaḋ.
grateful—buíoċ; -itude—buíoċas, *m.*; -ified—sásta; -uity—deontas.
grave—uaiġ, *f.*, *g.* uaġa; g. digger—aḋlaicí, *m.*
grave—adj. táḃaċtaċ, mór, baolaċ; -ity—meáċaint, *f.*, iomċarraing, *f.*, doṁan-t.
gravel—grean, *m.*, gairḃéal, *m.*
gravy—olar, *m.*
gray—liaṫ; -ness—léiṫe, *f.*; g. horse—capall glas.
graze (to)—inior, *m.*, ingilt, *f.*, ar féarán, *m.*
grease—smearaḋ, *m.*, bealaḋ, gréisc, *f.*; -ed, greasy—smearṫa, bealaiṫe.
great—mór, ollṁór, sárṁór; (in number)—iomadúil, liaċt.
great-grandfather—sin-seanaṫair.
great-grandmother—sin-seanṁáṫair.

greatness—méid, *f.*, mórgacht, *f.*
greed—saint, *f.*; (for food) cíocras, *m.*, -dy—sainteach, santach, cíocrach.
Greek—adj. & n. Gréagach, *m.*; G. language—Gréigis, *f.*
green—(colour) uaine; (vegetation) glas.
green—(lawn) faiche, *f.*, léana, *m.*
greet (to)—fáiltiú roimh; a -ing—beannú, beannachadh.
greyhound—cú, *f.*, *g.* con., *pl.* coin.
grid—(electric) uige, *f*, eanga, *f.*
griddle—greideal, *m.*, róistín, *m.*
grief—brón, *m.*, dobrón, *m.*, cumha, *m.*, uchlán, *m.*; to grieve—déanamh bróin, caoineadh, fé chumha.
grievance—cúis ghearáin, *f.*, c. mí-shásaimh.
grievous—trom, mór, géar.
grill (to)—gríosadh, griolladh.
grim—docht, dúr, dian.
grimace—draid, *f.*, smulc, *m.*, scaimh, *f.*
grime—salchar, *m.*, brún, *m.*
grin—draid, *f.*, scaimh, *f.*
grind (to)—(milling) meilt; ground—meilte; (chew)—cogaint, cognaím.
grindstone—cloch líofa, *f.*, cloch faobhair.
grip—greim, *m.*; gripe, treighid, *f.*
grit—grean, *m.*, gaineamh, *f.*
groan—cnead, *f.*; -ing—cneadaíl, *f.*, cneadach, *f.*
grocer—lóncheannaí, *m.*, biatach, *m.*, grósaeir, *m.*
groin—bléan, *f.*
groom—giolla capaill, *m.*
groove—clais, *f.*, eitre, *f.*
groping—ag lapadáil, ag póirseáil, ag gliúmáil, ag ganncaíl.
gross—adj. ró-mhór, aimspianta, thar cuimse; (number) céad is fiche, sé fichid.
ground—talamh, *f.*, *g.* talún; (foundation)—bonn, bun, bunús, ábhar.
ground ivy—eidhneán talún, *m.*
groundsel—grualus, *m.*
group—(people) gasra, *m.*, dream, *m.*, plód, *m.*; (things)—cnuas, *m.*
grouse—(bird) cearc fraoigh, *f.*
grow (to)—fás, *m.*
growing—fás, *m.*, gr. old—ag dul in aois; gr. potatoes—ag saothrú prátaí; growth—fás, *m.*
growling—drannadh, dranntán.
grove—garrán, *m.*, coill, *f.*
grudge—fala, *m.*, olc, *m.*; to g.—maíomh ar.
gruel—praiseach, *f.*, brachán, *m.*
gruff—tur, grod, grod-bhriathrach.
grumbling—gearán, *m.*, canrán, *m.*, cnáimhseán, *m.*
grumpy—canránach, smulcúil.
grunt—gnús, *m.*; -ing—ag gnúsacht-aíl, *f.*, ag cneadaigh.
guarantee—urraíocht, *f.*, urrús, *m.*; to g.—dul (téim) in u. ar.
guard—gárda, *m.*, fear faire, airíoch, *m.*; on g.—ar gárda.
guardian—caomhnóir, *m.*
guess — tomhas, *m.*, buille faoi thuairim; -ing—ag tomhas.
guest—aoi, *m.*; g. house—teach aíochta, óstán, *m.*
guide—treoraí, *m.*; -ding—treorú.
guild—comhlucht, *m.*, ceard-ch.
guilt—coir, *f.*, cion, *m.*, *g.* ceana, ciontacht, *f.*; -ty—ciontach.
guise—riocht, *m.*, cruth, *m.*, cló, *m.*, cosúlacht, *f.*
gulf—(sea) cuan, *m.*, bá, *f.*, inbhear, *m.*
gull—faoileán, *m.*, faoileann, *m.* & *f.*
gully—líntéir, *f.*
gulp—slogóg, *f.*
gum — (in mouth) drandal, *m.*, carbal, *m.*
gum—(adhesive) bioth, *m.*, glóthán, *m.*, gum, *m.*; chewing g.—g. cogana.
gun—gunna (gunnán), *m.*; machine g.—inneall-ghunna.
gunpowder—púdar, *m.*, p. lámhaigh.
gurgling—ag glugarnaigh, -naíl, *f.*
gurnard—(fish) cnúdán, *m.*; red g.—c. dearg, píopaire, *m.*
gush—(of water) scunna, *m.*, steall, *m.*, scárd, *m.*
gusset—asclán, *m.*, guiséad, *m.*
gust—séideog, *f.*, tufóg, *f.*, sí gaoithe, *m.*
gut—putóg, *f.*; (entrails) ionathar.
gutter—(mud), laitheach, *f.*, pluid, *f.*, pluda, *m.*; (a drain) líntéir, *f.*
gymnastics—lúithíocht, *f.*, lúithchleasa, gleacaíocht, *f.*
gynaecology—bainleácht, *f.*
gypsum—giopas, *m.*
gyrate (to)—rothlú, iomchasadh, *m.*

H

habit—béas, *m.*, taithí, *m.*, gnás, *m.*; dress or uniform—éide, *f.*, culaith, *m.* & *f.*, aibíd, *f.*

habitable—ionċónaiṫe.
habitual—gnáṫaċ, gnáiṫ.
hack (to)—leadraḋ, teascaḋ, gearraḋ.
haddock—(fish) cadóg, *f.*
haemorrhage—brúċt fola, riṫ f.
haft—sáfaċ, *f.*, cos, *f.*, crann, *m.*
hag—cailleaċ, *f.*
haggard—ioṫla, *f.*, *g.* -nn; adj.—suaite.
hail (to)—glaoċ, *m.*, liú, *m.*
hailstone—cloiċsneaċta, *m.*
hair—gruaig, *f.*, folt, *m.*, moṫall, *m.*; horse h.—rón; h. shirt—léine róin.
hairy—gruagaċ, moṫallaċ.
hake (haak)—colmóir, *m.*
hale—slán, folláin, foirtil.
half—leaṫ, *f.*; one-and-a-half—ceann-go-leiṫ; to halve—ḋá leaṫ a ḋéanaṁ.
halfpenny—leiṫṗingin, *f.*, *g.* -gne.
halibut—(fish) alabárd, *m.*
hall—halla, *m.*
hallowed—naofa, beannaiṫe.
halt (to)—stad, stadaim; n. stad, *m.*
halter—aḋastar, *m.*, ceannraċ, *f.*
halyard—haileár, *m.*, lainnéar, *m.*
ham—más, *m.*, muċṁás, leis, *f.*
hames—amaí, *pl.*
hammer—casúr, *m.*; to h.—bualaḋ le c. (see 'sledge').
hammock—amóg, *f.*
hamper—cliaḃ, *m.*, ciseán, *m.*; to h.—cosc, ceataí a ḋéanaṁ.
hamstring—féiṫleog ioscaide, *f.*
hand—láṁ, *f.*, géag láiṁe; to hand—síneaḋ ċun.
handcuff—dornasc, *m.*, cuiḃreaċ, *m.*
handful—lán doirn, mám, *m.*
handkerchief—ciarsúr, *m.*
handle—láṁ, *f.*, cos, *f.*, lorg, *m.*, hannla, *m.*; to h.—láiṁsiú, láiṁseáil.
handsome—dóiċiúil (daṫúil), breá, maisiúil.
handy—áiseaċ, áisiúil; -man—fear deasláṁaċ.
hang (to)—croċaḋ, croċaim, croċta.
hangman—croċadóir, *m.*
hank—urna, *f.*
hankering after—fonn ċun, dúil i.
happen (to)—tarló, teagṁáil; -ed—ṫarla, ṫeagṁaiġ.
happy—sona; -iness—sonas, *m.*; happily—fé ṡonas.
harass (to)—ciapaḋ, céasaḋ.
harbour—cuan, *m.*, calaṗort, *m.*
hard, hardy—cruaiḋ; difficult—deacair; to harden—cruaḋ, cruaim.
hardly—ar éigean.
hardship—cruatan, *m.*, anró, *m.*
hare—giorria, *m.*, míolmaí, *m.*
hare-lip—bearna ṁíl, *f.*
harm—díoḃáil, *f.*, doċar, *m.*, díṫ, *f.*; to h.—d. a ḋéanaṁ; -ful—díoḃálaċ; -less—neaṁ-ḋ.
harmony—coiṁċórdaḋ, *m.*, binneas; -ious—coiṁċórdaċ, binn; agreement—coṁaontas, *m.*, síoṫúlaċt, *f.*
harness—(for horse) —úim, *f.*, *pl.* úmaċa; gléas, *m.*; to h.—gléasaḋ, gaḃáil.
harp—cláirseaċ, *f.*; (small h.), cruit, *f.*
harrow—cliaṫ fuirse, *f.*, bráca, *m.*; to h.—fuirseaḋ, fuirsím.
harsh—garḃ, garg, dian.
hartstongue—creaṁ (na muice fia).
harvest—fóṁar, *m.*; -ing—déanaṁ fóṁair.
hasp—lúb, *f.*, lúbán, *m.*
hassock—suístín, *m.*
haste—deaḃaḋ, *m.*, deiṫneas, *m.*, foṫaraga, *m.*; to make h.—brostú; hasty—brostaiṫe, deiṫeansaċ.
hat—hata, *m.*
hatch—haiste, *m.*
hatching—ar gor; h. (brooding) hen—cearc ġoir; to h. a brood—ál a ġor.
hatchet—tua, *f.*
hatred—fuaṫ, *m.*; I hate—is f. liom; tá f. agam do; tá an ġráin agam ar; -ful—fuafar.
haughtiness—mórċúis, *f.*, toirtéis, *f.*, mór-is-fiú; haughty—mórċúiseaċ.
haul (to)—tarraing, *f.*; (in fishing)—cor, *m.*; made a h.—ṫug cor.
haunch—cora, coróg, *f.*, ceaṫrú, *f.*, *g.* -ún.
haunt—(place) gnáṫóg, *f.*, ionad gnáiṫ; to h.—gnáṫú, gnáṫaím; haunted house—tiġ púcaí.
have (to)—verb 'to be' with 'ag'.
haven—cuan, *m.*
havoc—scrios, *m.*, milleaḋ, *m.*, éirleaċ, *m.*
haw—sceaċóir, *m.*
hawk—seaḃac, *m.*
hawker—mangaire, *m.*
hawser—téad tíre, *f.*, t. ancaire.

hawthorn—sceaċ, *f.*, crann sceiċe.
hay—féar, *m.*, f. tirim; h. making—baint (sábáil) féir.
haze—ceoḃrán, *m.*, smúideán, *m.*; hazy—ceoċ; heat h.—ceo broṫail.
hazel—coll, *m.*, h. nut—cnó coill, *m.*
he — sé, é; (emphatic) seisean, eisean.
head—ceann, *m.*; h. man—fear cinn, f. ceannais.
headache—tinneas cinn, *m.*
headphones—cluasáin, *pl.*
heading—(title) cinnteideal, *m.*
headland—ceann tíre, *m.*, rinn, *f.*
headline—cinnscríḃinn, *f.*
headlong—ar ṁullaċ a ċinn, i ndiaiḋ a ċinn, ceann ar aġaiḋ.
headquarters—cinnċeaṫrúin, *m.*
headstrong—ceanntréan, ceanndána.
headway—dul ar aġaiḋ, d. ċun cinn.
heal (to)—cneasú, leiġeas, *m.*
health—sláinte, *f.*; -thy—sláintiúil, folláin.
heap—carn, *m.*; to h.—carnáil, cruaċaḋ.
hear (to)—clos, cloisint, cloisteáil.
hearing—éisteaċt.
hearsay—ráfla, *m.*
hearse—cróċar, *m.*
heart—croí, *m.*; -ily—croíúil, ó ċroí; -less—gan ċroí.
hearth—tinteán, *m.*, teallaċ, *m.*
hearthstone—leac teallaiġ, *f.*, l. tinteáin.
heat—teas, *m.*; -edly—teasaí; to h.—téaṁ, téim.
heath—(plant) fraoċ mín; (land) móinteán, *m.*
heathen—págánaċ, *m.*; -ism—págántaċt.
heave (to)—(throw)—caiṫeaṁ; h. up—ardú, tarraing; h. anchor—ancaire a ḃaint.
Heaven—Neaṁ, *f.*, *g.* Neiṁe; Na Flaiṫis; -nly—neiṁe, neaṁġa.
heavy—trom, meáite.
heckle (to) — trasnaíl, *f.*, crosċeistiú.
hedge—fál, *m.*, claí, *m.*
hedgehog—gráinneog, *m.*
heed—aire, *f.*, aird, *f.*, suim, *f.*; -ful—aireaċ; -less—neaṁ-ṡuimiúil, gan aird.
heel—sál, *f.*
he-goat—pocán, *m.*
heifer—seafaid, *f.*, beiṫíoċ, *m.*
height—ard, *m.*, airde, *f.*, ardán, *m.*
heighten (to)—ardú, ardaím.
heir—oiḋre, *m.*, -dom, legacy—oiḋreaċt, *f.*
heir-apparent—tánaiste, *m.*
hell—ifreann, *m.*
helm—halmóir, *m.*, cleiṫ stiúraċ, *f.*
helmet—clogad, *m.*, cafarr, *m.*
help—caḃair, *f.*, *g.* caḃraċ, cúnaṁ, *m.*; to help—caḃrú le.
helpful—caḃarṫaċ, cúntaċ.
helpless—ainnis, éidreoraċ, lag.
helpmate—cúntóir, *m.*
hem—fáitim, *f.*
hemisphere—leaṫ-ċruinne, *f.*
hemlock—miliṁear, *m.*
hemp—cnáib, *f.*
hen—cearc, *f.*
hence—as so (amaċ); (therefore)—dá ḃrí sin, ar an áḃar sin.
henceforth—feasta.
her, acc.—í, í féin, ise; pos. adj.—a; a cos, a haġaiḋ.
herb—luiḃ, *f.*, lus, *m.*
herd—tréad, *m.*; -sman—tréadaí, *m*
here—anso; (in offering anything)—seo duit.
hereafter—ina ḋiaiḋ so (sin); in next world—ar an saol eile.
hereby—leis seo.
hereditary—do réir dúċais; is dual do (di); -ity—dúċas, *m.*
heretic—eiriceaċ, *m.*; -esy—eiriceaċt, *f.*
heretofore—go dtí so, gus trásta.
heritage—oiḋreaċt, *f.*
hermit—díṫreaḃaċ, *m.*
hernia—maiḋm seicne, *f.*
hero—gaiscíoċ, *m.*, laoċ, *m.*; -ic—gaisciúil, laoċda, galaċ; heroine—ban-ġaiscíoċ; -ism—gaisce, *m.*, laoċas, *m.*, gail, *f.*
heron—corr, *f.*, corriasc, *f.*
herring—scadán, *m.*
hesitation—stad, neaṁḟonn, idir ḋá ċoṁairle.
hew (to)—gearraḋ, teascaḋ.
hiatus—bearna, *f.*, easnaṁ, *m.*
hiccough—fail, *f.*
hidden—i ḃfolaċ, folaiṫe; to hide—folaċaḋ, cur i ḃfolaċ.
hide—(skin) craiceann, *m.*; animal h.—seiċe, *f.*
hideous—gránna, uafar.
hierarchy—ard-ċléir, *f.*, cliarḟlaiṫeas, *m.*

high—árd, croċta.
highminded—árdaigeanta.
Highness—His H.—a Ṡoillse, a Ṁórgaċt.
highway—bóṫar, *m.*, bealaċ mór, *m.*, slí, *f.*, ród, *m.*
high-water — lán mara, *m.*, barr-taoide, *m.*
highwayman—biṫiúnaċ (bóṫair), *m.*
highway robbery — biṫiúntas, *m.*, éirí slí, *m.*
hilarious—sultṁar, scléipeaċ.
hill—cnoc, *m.*; -top—mullaċ cnoic; -side—taoḃ (leataoiḃ) ċnoic.
hillock—cnocán, *m.*, mullóg, *f.*
hilt—dornċar, *m.*, dornċla, *f.*
him—é, eisean; -self—é féin.
hind, h-most—deiriḋ; cos d., roṫ d.
hinder (to), hindrance—cosc, *m.*, bac, *m.*, toirmeasc, *m.*
hinge—tuisle, *m.*, bacán, *m.*
hint—nod, *m.*, lide, *f.*
hip—cromán, *m.*, corróg, *f.*, más, *m.*
hire—pá, *m.*, tuarastal, *m.*; to hire—fostú.
his—a (a ċeann, a uan).
hissing—siosarnaċ, *f.*, ag s—naiġ.
history—stair, *f.*; -ical—stairiúil; -ian—staraí, *m.*
hit (to)—bualaḋ, aimsiú.
hither—anall, i leiṫ.
hitherto—go dtí so, gus trásta.
hive—corcóg, *f.* (cruiceog).
hoar—liaṫ; h-frost—sioc liaṫ.
hoard—ciste, *m.*, cnósaċ, *m.*
hoarse—ciaċánaċ; -ness—ciaċ, *m.*, ciaċán, píoċán, *m.*, carsán, *m.*
hoax—cleas, *m.*, bob.
hobble—urċall, *m.*
hod—gualaire, *m.*, adac, *m.*
hoe—grafán, *m.*
hog—muc, *f.*, torc, *m.*
hoist (to)—ardú, croċaḋ in airde.
hold—greim, *m.*, *g.* -eama; h. on (wait)—fan go fóill; h. on to—coinniḃ do ġreim, coimeád; h. your tongue—éist do ḃéal; h. of ship—bolg loinge.
holding—(property) gaḃáltas, *m.*, sealḃaċas, *m.*
hole—poll, *m.*, toll, *f.*, *g.* toille; to hole (bore)—pollaḋ, tollaḋ.
holiday—saoire, lá saoire.
hollow—lagán, *m.*, clais, *f.*, cuas, *m.*, adj. cuasaċ, folaṁ.
holly—cuileann, *m.*
holocaust—íbirt, *f.*
holy — naofa, beannaiṫe; -iness—naofaċt, *f.*; H. Orders—Ord Beannaiṫe; h. water—uisce coisreacan; H. Ghost—An Spiorad Naoṁ.
homage—urraim, *f.*, *g.* -ama.
home—baile; come h.—tar aḃaile.
homely—simplí, nádúrṫa.
homespun—bréidín, *m.*, glascaoraċ, *m.*
homestead—teaċ, *m.*, (áit, *f.*, áras) cónaiṫe; baile c., *m.*
homicide—dunṁarú, *m.*, daonorgain, *f.*
homogeneous—aonġnéiṫeaċ, cóiṁġ.
hone—cloċ faoḃair, *f.*, c. líofa, *f.*
honest — ionraic, macánta; -ty—ionraiceas, *m.*, macántaċt, *f.*
honey—mil, *f.*, *g.* meala; h. comb—cíor ṁeala, *f.*
honeymoon—mí na meala.
honeysuckle—táiṫéilean, *m.*, mil ġaḃair, *f.*
honour—onóir, *f.*; -able—onóraċ; -orary—(rúnaí, céim) oiniġ.
hood—coċall, *m.*, húda, *m.*
hoodwink (to) — meallaḋ, dallamullóg a ċur ar.
hoof—crúb, *f.*
hook—(fishing h.) duán, *m.*; reaping h.—corrán, *m.*; pot h.—drol, *m.*
hoop—fonsa, *m.*, lúbán, *m.*
hop—léim, *f.*, bocléim, *f.*, geit, *f.*; to hop—preabaḋ.
hops—lus leanna, *m.*
hope—dóċas, *m.*, súil, *f.*; I hope—tá d. (s.) agam; -ful—dóċasaċ; -less—éadóċasaċ, ṫar fóir.
horizon—bun (imeall) spéire.
horizontal — coṁċoṫrom (ánaċ), coṁ-ard.
horn—aḃarc, *f.*
hornpipe—cornṗíopa, *m.*
horror—uafás, *m.*; -ible—uafar, urġránna.
horse—capall, *m.*, eaċ, *m.*, *g.* eiċ; -back—muin capaill; -man—marcaċ, *m.*; -shoe—crú c., *m.*
hospitable—fial; -ality—féile, *f.* óstaíoċt, *f.*
hospital—ospidéal, *m.*, oṫarlann, *f.*
Host (Sacred H.)—Aḃlann Naofa.
host—(of people) slua, *m.*, plód, *m.*
host—ostóir, *m.*, fear tí.
hostess—banóstóir, óstrás.

hostage—ᵹeall, *m.*, ᵹeiṁeal, *f.*, ᵹiall, *m.*
hostile—naṁdaċ, eascáirdiúil; -ity—naiṁdas, *m.*, eascáirdeas, *m.*
hosting—slóᵹaḋ.
hot—te, teasaí; -house—teo-ṫeaċ, *m.*, bru-ṫeaċ.
hotel—teaċ ósta, *m.*, óstán, *m.*
hot-tempered—teasaí.
hough—speir, *f.*
hound—cú, *f.*, *g.* con; ᵹaḋar fiaiġ.
hour—uair, *f.*, uair a' ċloiᵹ.
house—teaċ, *m.*, *g.* tí; áras, *m.*
household—líontí, *m.*; adj. h. goods—earraí tís.
housekeeper, h.-wife—bean tí, *f.*
householder—fear tí, *m.*, sealḃaí tí, *m.*
housemaid—cailín tí, *m.*
housewife thread—ᵹaḃsnáṫ, *m.*
hovel—boṫán, *m.*, bráca, *m.*
how—conas ? h. many, much ?—cá ṁéid ?; h. long ?—cá ḟaid ? h. fine the weather is—naċ breá.
however, conj. —pé scéal é, ar aon ċuma, áṁ; (howsoever, good, bad, poor, etc.)—dá ḟeaḃas, dá olcas, dá ḃoċte, etc.
howl—ᵹlam, *m.*, ulfairt, *f.*; howling—aᵹ ᵹlamaíl, aᵹ ulfartaiġ.
hub—mol, *m.*
hubbub—clampar, *m.*, círéib, *f.*, callán, *m.*
huckster—manᵹaire, *m.*
hue—daṫ, *m.*, scáil, *f.*
hug—barróᵹ, *f.*; -ging—breiṫ barróᵹ ar.
huge—ollṁór, áḃalṁór.
hulk, hull—caḃail (creat) loinᵹe.
hum—dord, *m.*, dordán, *m.*, nuall, *f.*, crónán, *m.*
human—daonna; -ity—daonnaċt, *f.*
humble—uiṁal, uiriseal; to h.—uiṁlú, toirtéis (éirí-in-airde) a ḃaint de; humility—uiṁaile, uiṁlaíoċt.
humid—tais, úirḟliuċ; -ity—taise, *f.*, fliċe, *f.*
humiliation—ceann fé, tarcaisne, *f.*, táire, *f.*
humour—ᵹreann, *m.*, sult, *m.*; -orous—ᵹreannṁar, sultṁar; h. story—scéal ᵹrinn; sense of h.—éirim ġrinn, *f.*
humour—(disposition) meon, *m.*, aiᵹne, *f.*; to h.—bréaᵹaḋ.
hump—dronn, *f.*, cruit, *f.*
hundred—céad; 100th—an céadú.
hunger—ocras; -gry—ocraċ, tá ocras ar . . .; great h.—airc, *f.*
hunkers (on his)—ar a ċorróᵹaiḃ ('corraᵹioḃ').
hunt, -ing—fiaċ, *m.*, seilᵹ, *f.*; -ter—fiaᵹaí, *m.*, sealᵹaire, *m.*
hurdle—cliaṫ, *f.*, *g.* cléiṫe; (in sport)—léim, *f.*
hurley—camán, *m.*; -ing—iománaíoċt, *f.*; h. game—cluiċe iomána, *f.*
hurry—deaḃaḋ, *m.*, deifir, *f.*, deiṫneas, *m.*; to h.—brostú; h. up—brostaiġ ort!
hurt—ᵹortú, ᵹortaiṫe; -ful—ᵹortaiṫeaċ, díoḃálaċ.
hurts (*pl.*)—(berries) fraoċáin.
husband—fearċéile, fear.
hush (to)—ciúnú; be silent—éist! bí id ṫost!
husk—faiġneoᵹ, *f.*, crotal, *m.*, moᵹall, *m.*
husky (voice)—ᵹarḃ, ciaċánaċ, píoċánaċ.
hussy—toice, *f.*, ᵹiobstaire, *m.*
hut—boṫ, *f.*, boṫán, *m.*
hyacinth—bú, *m.*, coinnle corra, *pl.*
hydraulic—uisci; h. engine—uiscinneall, *m.*, etc.
hydro—usc-, udro-.
hydrogen—udraín, *f.*
hydrophobia—(in dog) conaċ, *m.*, ᵹoṁ, *m.*
hymn—ioṁan, *m.*; dán diaᵹa.
hypocrite—fimíneaċ; -risy—fimíneaċt, *f.*
hypothesis—foṡuíoṁ, *m.*
hysteria—sceinnlioᵹaċt, *f.*

I

I—mé, mise; myself—mé féin.
ice—oiġear, *f.*, leac oiġre; icy—oiġearṫa, reoite.
iceberg—meall oiġre, *m.*
idea—smaoineaṁ, *m.*
ideal—barr-ṡaṁail, *f.*, for-ṡaṁail.
identical—ionann, mar an ᵹcéanna; -ity (sameness)—ionannas, *m.*
identify (to recognise)—aiṫint, -ním; -fication parade—paráid aiṫniúna.
idiom—canúin, *f.*, cor cainte, *m.*
idiot—breallán, amadán; -ic—baoṫ, breallánta.

idle—díoṁaoin; -ness—díoṁaointeas, *m.*

idol—íol, *m.*, íol aḋarṫa; -atry—íol-aḋraḋ.

if—má; if not, mara; dá (with subjn.), dá dtagaḋ.

ignition—aḋaint, *f.*, laom, *m.*

ignoble (mean)—suaraċ.

ignominy—tarcaisne, *f.*, maslaḋ, *m.*; -ious—tarcaisneaċ, maslaiṫeaċ.

ignorance—aineolas, *m.*, ainḃios, *m.*; -ant—aineolaċ, ainḃiosaċ, dall.

ignore — imp. taḃair neaṁ-aird ar, scaoil ṫarat, ná bac le.

ill—(sick) breoiṫe, tinn; -ness—breoiṫeaċt, *f.*, tinneas, *m.*; (bad) —olc, dona, droċ-; n. olc, *m.*, donaċt, *f.*

illegal—neaṁ-ḋleaṫaċ, mí-ḋlistineaċ.

illegible—do-léiṫe.

illegitimate—neaṁ-ḋleaṫaċ; i. child —leanḃ toġarṫa.

ill-health—mí-ṡláinte, *f.*, leiceaċt, *f.*

illicit—neaṁ-ċeadaiṫe, neaṁ-ḋlistineaċ.

illiterate—gan foġlaim, gan scolaíoċt; dí-léannta; -acy—dí-léanntaċt, *f.*

ill-luck—mí-áḋ, *m.*

ill-mannered—mí-ṁúinte.

ill-shaped—mí-ċumṫa.

ill-timed—mí-ṫráṫúil, antráṫaċ.

ill-treatment—droċ-úsáid, *f.*, droċ-íde, *f.*

illumination—soilsiú.

illusion—bréag-ṡaṁlú, saoḃán céille, *m.*

illustration—léiriú, saṁlaoid, *f.*, sampla, *m.*; (drawing)—pictiúir, *m.*

illustrious — oirearc, mór-ċlú; n. oirearcas, *m.*

ill-will—droċ-aigne, *f.*, fala, *f.*

image—íoṁáiġ, *f.*, dealḃ, *f.*

viceroy—ionadaí rí, fear ionaid rí.
vicinity—comġar, *m.*, comursanaċt, *f.*
vicious—duáilceaċ, aiṁleasta; (animal) mallaiṫe.
victim—íbirt, *f.*, íbirteaċ, *m.*
victimise (to)—feallaḋ ar, éagóir a ḋéanaṁ ar.
victory—bua, *f.*; -ious—buaċ, caiṫréimeaċ.

victuals—lón bíḋ, aḃar bíḋ; -ler—lónċeannaí, *m.*, bia-ċ.
vie (to)—i ḃformaḋ le, *m.*, in iomaíoċt le, *f.*
view—n. radharc, *m.*, aṁarc, *m.*; (opinion) barúil, *f.*; in v. of—i ḃfianaise; with a v. to—d'ḟonn, ar intinn go.
vigil—faireaċán, *m.*; -ant—faireaċ, airíoċ; (night before)—Oíċe *cf.* Oíċe Nollag; O. Lae 'le Muire.
vigour—brí, *m.*, fuinneaṁ, *m.*; -ous—bríoṁar, fuinneaṁaċ, neartṁar.
vile—olc, dona, caillte.
village—baile, *m.*, gráig, *f.*
villain—coiripeaċ, *m.*, rascail, *m.*
vilify (to)—aiṫisiú, íde béil a ṫaḃairt.
vindicate (to)—cosaint, gaḃáil páirte.
vindictive—droċ-aigeantaċ, gangaideaċ; -ness—gangaid, *f.*, droiċṁéin, *f.*
vine—fíniúin, *f.*, crann fíniúna; v.-yard—fíon-ġort, *m.*
vinegar—fínéagar, *m.*
violate (to)—(destroy) milleaḋ, lot; (ravish) éigniú; (law) briseaḋ, réabaḋ.
violence — foiréigean, *m.*, éigean; -ent(ly)—foiréigneaċ.
violet—salċuaċ, *f.*
violin—ḃeidlín, *m.*
virago—báirseaċ, *m.*, ainscian mná.
virgin—maiġdean, *f.*, óġ, *f.*; -ity—maiġdeanas, *m.*, óġaċt, *f.*; -al—maiġdeanúil.
virile—fearúil, fearga.
virtue—suáilce, *f.*; -uous—suáilceaċ, fónta, fíúntaċ, cóir, fíréanta.
virulent—urċóideaċ, nimneaċ.
virus—aicíd, niṁ, *f.*
visage—dreaċ, *m.* & *f.*, ceannaċa.
visible—soḟeicse, soiléir, follas.
vision—radharc, *m.*, aṁarc, *m.*; a v.—aisling, *f.*, fís, *f.*
visit—cuairt, *f.*, fiosrú, turas, *m.*; -ation, to see—dul dá ḟios, dá ḟéaċaint, ag fiosrú.
visitor—cuairteoir, *m.*
vital—an ḃeo, ball beaṫa; essential—riaċtanaċ.
vitamin—beaṫaimín, *f.*
vitriol—searḃ ruiḃeaċ, *f.*
vituperation — íde béil, *f.*, droċċaint.
vivacity—beoċt, *f.*, anamúlaċt, *f.*
vivid—beoga, soiléir.

vixen—saiṫ sionnaiġ, *f.*
vocabulary—foclóir, *m.*, sanas, *m.*
vocal—goṫaċ, cainteaċ, glóraċ.
vocation—gairm, *f.*
vocative case—tuiseal gairmeaċ.
vogue—gnás, *m.*, gnáṫaṁ, *m.*, faisean, *m.*
voice—guṫ, *m.*, glór, *m.*; with one v.—d'aon ġuṫ; (in grammar)—faoi, *f.*
void (to)—folṁú, dul as, tréigean, seaċnaḋ; empty space—folṁas, folús, *m.*
void—null and void—gan ḃrí, gan feidm.
volcano—bolcán, *m.*, sliaḃ tine, *m.*
volley—rúisc, *f.*, -ing—rúscaḋ.
volt—volt, *m.*; -age—voltaċas, *m.*
voluble — mórċainteaċ; -bility—éascaíoċt labarṫa, sruṫ cainte.
volume—leaḃar, *m.*, imleaḃar.
volume—(amount) méad, *f.*, toirt, *f.*, téagar, *m.*
voluntary—deontaċ, toiltiúil.
volunteer—(military) óglaċ.
vomit (to)—urlacan, *m.*, also *f.*—'fonn uirlicí'.
voracity—cíocras, *m.*, airc, *f.*, craos, *m.*
vortex—coireán, *m.*, coire (cuiliṫe) guairne.
vote—ḃóta, *m.*, -ing—ḃótáil, *f.*; ḃótálas; voters' list—liost ḃótóirí.
vouch—(to v.) dearḃaḋ, deiṁniú.
voucher—deiṁneaċán, *m.*
vouchsafe (to)—deonú.
vow—móid, *f.*; I vow—ḃeirim mo ṁóid, móidím.
vowel—guṫaí, *m.*, guta, *m.*
voyage—iomraṁ, *m.*, feaċtas farraige, *f.*
vulgar—luarga, coitionn, oitir; -ity—luargaċt, *f.*, oitre(aċt), *f.*
vulnerable—so-leointe, leoċaileaċ.
vulture—baḋḃ, *f.*

W

wadding—ascart, *m.*
wade (to)—lapadáil (siúl) san uisce.
wafer—aḃlann, *f.*
wag (to)—croṫaḋ, manraḋ, manar; a w.—fear grinn.
wage—pá, *f.*, tuilleaṁ, *m.*
waging war—cogaíoċt, *f.*, ag cur cogaiḋ.

wager—geall, *m.*; -ing—cur gill (*g. pl.*—geall).
wagon—trucail, *f.*, baigín, *m.*
wagtail—(bird) glasóg, *f.*
wail—uaill, *f.*, caoine, *m.*; wailing —ag caoineaḋ.
waist—com, *m.*, caol, *m.*
waistcoat—báscóta, *m.*
wait (to)—fanúint, fanaċt, feiṫeaṁ, fuireaċ; w. till morning—fan go maidean.
waiter—freastalaí, *m.*, dáileaṁ, *m.*
wake (to)—(awaken) dúiseaċt, múscailt.
wake—(for the dead) tórraṁ, *m.*
wake—(of ship) caise, *f.*, sruṫ stiúraċ, *m.*, uisce marb.
walk (to)—siúl, *m.*; a stroll—siúlóid, *f.*; pacing—spaisteoireaċt, *f.*
walker—coisí, *m.*, siúlaí, *m.*; walking stick—maide siúil, *m.*
wall—falla, *m.*, balla, *m.*
wallet—tiaċ, *m.*
wall fern—sceaṁ cloċ, s. crainn, *m.*
wallow (to)—iomlasc, iomlascaim.
walnut—gall-ċnó, *m.*
wan—mí-líṫeaċ, bán.
wand—slat, *f.*, fleasc, *f.*
wander (to)—dul ar fán, ar seaċrán, ar bóiléagair.
wanderer—fánaí, *m.*, straeire, *m.*
wane (to)—dul síos, dul in éag, dul as.
want—gá, *m.*, easpa, *m.*, uireasa, *f.*, gannaċúis, *f.*
want (to), -ing—teastáil; I want—teastuíon uaim, tá . . . uaim; tá gá agam le.
wanton—aiṁṁianaċ.
war—cogaḋ, *m.*; to go to w.—dul ċun cogaiḋ; warlike—cataċ, gaisciúil.
warble (to)—ceiliúr, *m.*, cantain, *f.*
ward—(care) faire, *f.*, aire, *f.*; (w. in hosp.) aireagal, *m*,, imscing, *f.*
ward off—cosaint, dionġbáil, díonaḋ.
ware—(goods) earraí.
ware—(table-w.) airnéis boird, árṫaí (áraistí, gréiṫre) b.; china w.—árṫaí Sín-ċré.
warm—te, broṫallaċ, teasaí; w. affection—teasgrá, *m.*
warm (to)—téaṁ, téim.
warmth—teas, *m.*, broṫall, *m.*
warning—rabaḋ, *m.*, fógairt, *f.*, fógra.
warp (to)—crapaḋ; warp (in weaving)—dlúṫ, *m.*; a ship w.—téad róid.
warrant—barántas, *m.*
warren—(rabbit w.) coinigéar, *m.*
warrior—gaiscíoċ, *m.*, laoċ, *m.*
wart—faiṫne, *m.*
wary—aireaċ, airdeallaċ.
wash (to)—ní, *f.*, níoċán, *m.*, ním; I bathe—ionlaim; (in distilling) wash—anallas, *m.*
washer—sealán, *m.*
wasp—beaċ ġabair, *f.*, puċ, *f.*
waste (to)—cur (caiṫeaṁ) amú; c. gan ṁaiṫ; -fulness—neaṁ-ḃainistí, *f.*
wasting away—snoí, caiṫeaṁ.
waste—adj. (w.-land) fásaċ, *m.*; (w. bread) fuíol-arán, etc.
watch (to)—faire, fuireaċas, *m.*; -ful—aireaċ, faireaċ.
watch—(timekeeper) uaireadóir, *m.*
watchman—fear faire, airíoċ, *m.*; -men—luċt faire.
water—uisce, *m.*, bual, *f.*, dobar, *m.*; -ery—uisciúil; w. hen—cearc uisce, *f.*; w. lily—buaillile, *m.*; w. cress —biolar, *m.*; w. fall—eas, easaċ, *m.*
watt—(electr.) uat, *f.*
wattle—cleiṫ, *f.*
wave—tonn, *f.*, fága, *f.*, farraige, *f.*
wave-length—tonnfaid, *f.*
wave (to)—suaṫaḋ; (a flag) foluain; hand w.—bagairt láiṁe, sméideaḋ.
wavering—guagaċ, éiginnte, idir ḋá ċoṁairle.
wax—céir, *f.*
way—slí, *f.*, bealaċ, *m.*, bóṫar, *m.*, conair, *f.*; give w. —géilleaḋ (slí).
waylay—éirí-slí a ḋéanaṁ, luíoċán a ḋ.
wayward—aiṁleasta, gan smaċt, ainsrianta.
we—sinn, sinne.
weak—lag, tréiṫ, fann, tláṫ; -ness —laige, *f.*, lagaċar, *m.*, anbainne, *f.*; a faint—laige, fanntais, *f.*
weaken (to)—lagú, dí-neartú.
weal—leas, *m.*, séan, *m.*, raṫ, *m.*; (common-w.) leas an ṗobail.
weal—(welt) riast, *m.*

wealth—saiḃreas, *m.*, maoin, *f.*, gustal, *m.*, raċmas, *m.*; -thy—saiḃir, gustalaċ.
wean (to)—baint de ḋeol (de ċíċ).
weapon—arm, *m.*
wear (to)—caiṫeaṁ, caiṫim.
weary—tuirseaċ, corṫa.
wearying—tuirsiṫeaċ, tuirsiúil. Táim am ċor.
weasel (stoat)—eas, *m.*, easóg, *f.*
weather—aimsir, *f.*, síon, *f.*, uain, *f.*; (good w.) soineann, *f.*; (bad w.) doineann, *f.*; -beaten—síon-ċaite.
weave (to)—fí; -er—fíodóir, *m.*
web—(of cloth) aḃras, *m.*; (roll of c.) corn, *m.*; webbed foot—cos laḋar-iata.
wed (to)—pósaḋ; w.-lock—cuing ṗósta, *f.*; -ding—pósaḋ, cóisir, *f.*, *g.* -reaċ.
wedge—ding, *f.*; to w.—dingeaḋ.
Wednesday—An Ċéadaoin, Dia Céadaoin, *f.*
weed—fiaile, *f.*; -ing—baint (glanaḋ) f.
week—seaċtain, *f.*
weep (to)—gol, *m.*, caoineaḋ, *m.*
weigh (to)—meá, meáim; w. anchor—ancaire a ḃaint.
weighing machine—meá, *f.*, sa ṁiḋ.
weight—meáċain, *f.*, troime, *f.*, ualaċ, *m.*; weighty—meáite, trom.
welcome—fáilte, *f.*; w. to you—fáilte roṁat.
weld (to)—táṫú; -ed—táite.
welfare—raṫ, *m.*, raṫúnas, séan, *m.*
well—tobar, *m.*, foinse, *f.*
well — adj. & adv. go maiṫ, ar fónaṁ, *m.*, go fónta.
well!—sea!; w. then!—sea, má sea; sea! cad é? cad is ea?
welt—riast, *m.*
wench—(derog.) toice, *m.*
west—(to the w.) siar; (in the w.) ṫiar; (from the w.) aniar; (w. part) iarṫar, *m.*
wet—fliuċ; to w.—fliuċaḋ.
wether—molt, *m.*, moltaċán, *m.*
whale—míol mór, *m.*
wharf—cala, *m.*, port, *m.*, cé, *m.*
what—cad? caidé? céard, cad is ea? what (all that) I have—a ḃfuil agam; what else?—cad eile?
whatever—cibé, pé.
wheat — cruiṫneaċt, *f.*; w.-meal—cáiscín, *m.*
wheedle (to)—meallaḋ, bréagaḋ.
wheel—roṫ, *m.*; to w.—roṫlú, sáiṫeaḋ, casaḋ; w.-barrow—barra roṫa, roṫ-ḃ., *m.*
wheeze—seordán, *m.*, carsán, *m.*, cáiṫleaċ, *f.*
whelk—faoċóg, *f.*, miongán, *m.*
whelp—coileán, *m.*
when—(the hour) an uair, nuair; (when?) caṫain? cá huair?
whence—cad as? cér b'as? gurḃ (arḃ) as.
whenever—pé uair, pé tráṫ.
where?—cá? cá háit? canad? where I was—mar a raḃas.
whereas—de ḃrí go, ó ṫarla go.
wherefore—cad fá? cén ċúis? tuige?
wherever—cibé áit, pé áit, pé ball.
whether—ciocu . . . nó; (if) an, ar.
whet (to)—faoḃar a ċur; w. (his) appetite—géarú goile.
whetstone—cloċ faoḃair, *f.*
whey—meaḋg, *m.*
which—(rel.) a; (interr.) w.?—ciocu? -ever—péacu.
whiff—(wind) puṫ, *m.*, tufóg, *f.*; (smell) bolaḋ, *m.*
while—seal, *m.*, tamall, *m.*, scaṫaṁ, *m.*; worth your w.—fiú ḋuit; w. you stay—an fad a ḟanfair.
whim—teiḋe, *m.* (ḃuail teiḋe é); mian, *f.*, spaḋar, *m.*
whin—aiteann, *m.*
whine—uaill, *f.*; -ing—ag cur uaille as.
whinny—seitreaċ; -ing—ag seitriġ.
whip—lasc, *f.*, fuip, *f.*; to w.—lascaḋ, greadaḋ.
whirlpool — cuiliṫe guairne, *f.*, c. tuaṫail, coire, *m.*
whirlwind—gaoṫ ġuairne, *f.*, sícór, *f.*, maistir gaoiṫe, *f.*, cam-ḟeoṫan, *m.*
whisker—féasóg, *f.*
whiskey—uisce beaṫa, *m.*
whisper—cogar, *m.*; to w.—c. a ṫaḃairt; -ing—cogarnaiġ, *f.*, -naíl, *f.*; cogar i leiṫ ċugam.
whistle—fead, *f.*; to w.—fead a ligean; -ing—feadaíl.
white—bán; to whiten—bánú; he turned pale—ḃánaiġ sé; w. of eye—gealán, *m.*
whiting—(fish) faoitín, glasán, *m.*
whitewash (to)—aolaḋ, fionn-aolaḋ.

whitlow—cor fé iongain.
Whit Sunday—Doṁnaċ Cincíse.
Whitsuntide—An Ċincís.
who—(rel.) a; all who are—a ḃfuil; who ?—cé ? cé hé ?
whoever—cibé, pé hé, pé duine.
whole—iomlán, ar fad, uile.
wholly—go hiomlán, go huile, go slán cruinn.
wholesale—(selling) mórḋíol, *m*.
wholesome—folláin.
whoop—liú, *m*., gáir, *f*.
whooping cough—triuċ, *m*., *g*.—treaċa.
whopper—(big lie) fámaire éiṫiġ, *m*.
whorl—tromán, *m*.
whortleberry—fraoċán, *m*.
whose—(who owns) cé hé gur leis, ar leis; a, go —an té a (go) ḃfuil an ceann duḃ air.
why ?—cad é 'n ċúis ? canaṫaoḃ ? cad ċuige ? tuige ? why not ?—cumá (caḋ ċuige, etc.) naċ ?
wick—buaiceas, *m*.
wicked—coirpṫeaċ, mallaiṫe; -ness—coirpṫeaċt, *f*., mallaiṫeaċt, *f*.
wickerwork—caoladóireaċt, *f*., fí slat, fí meaṫán; w. basket—cliaḃ (ciseán, barróg) slat; basket-maker—caoladóir, *m*.
wicket — coṁla, *f*., cóiṁlín, *m*., geaitín, *m*.
wide—leaṫan, leiṫeadaċ; w. open—ar leaṫaḋ; width—leiṫead, *m*.
widespread—forleiṫeadúil, coitianta.
widow—baintreaċ, *f*.
widower—baintreaċ fir.
wield (to)—(sword) beartú.
wife—céile, bean, bainċéile, *f*.
wig—peirḃic, *f*.
wild—fiáin; -ness—fiáine, *f*., fiántas, *m*.
wilderness—fásaċ, *m*., fiántas, *m*., díorainn, *f*.
wildfire—(disease) tine ḋia.
wile—meaḃal, *m*., cealg, *f*.
wilful—toiltiúil, ceanntréan.
will—toil, *f*.; (testament)—uaċt, *f*., tiomna, *m*.; I leave by w.—fágaim le huaċt.
willing—toilteanaċ, deontaċ.
willow—saileaċ, *f*., crann sailí.
Will-o-the-wisp—Seáinín-a'-Ṁearaṫail, Liam-na-Sopóige.

willy-nilly—cóir máir, de ḋeoin nó d'aimneoin.
wily—cleasaċ, meaḃlaċ.
win (to)—buaċaint, buaċtáil; buaim, beirim bua.
wince—(made me w.) ḃain freanga(í) asam.
wind—gaoṫ, *f*.
wind (to)—clock, rope, thread—toċrais.
wind-bag—bolgán béice, *m*.
windgall—oiġear, *f*.
winding—adj. casta, lúbṫa; to wind-toċras, *m*.
windlass—crann toċardta, *m*.
windmill—muileann gaoiṫe, *m*.
window—fuinneog, *f*.
windpipe—píobán, *m*., gaoṫsán.
windward—ċun (na) gaoiṫe, sa ġaoiṫ.
wine—fíon, *m*.
wing—sciaṫán, *m*., eite, *f*.
wink—bagairt (caoċaḋ) súl; w. of sleep—néal codalta, *m*.
winkers—ceannraċ, *m*.
winnow (to)—cáiteaḋ; -ed—cáite.
winter—geiṁreaḋ, *m*.; dúluaċair, *f*.; -try—geiṁreata, -túil.
wipe (to)—cimilt, tirimiú.
wire—sreang ṁiotail, ronn, *m*.; s. cruaí; barbed w.—s. ḋeilgneaċ; electr. w.—s. aiḃléise, s. leictreaċais.
'wire' (telegram)—sreangscéal, *m*.
wireless message—scéal eadaruasaċ, aer-scéala.
wise—adj. críonna, eagnaí; n. críonnaċt, *f*., eagna, *f*.
wise—(way, manner), this (that) w.—mar seo (sin, siúd); ar an gcuma so (sin, úd).
wish—mian, *m*. & *f*., guiḋe, *f*., toil, *f*.
wisp—sop, *m*., broḃ, *m*.
wit—(speech) deisḃéalaí, *f*., tagarṫaċt; witty—deisḃéalaċ; to wit—mar atá; half-wit—leaṫ-amadán, *m*.
wits—(senses) céadfaí, *pl*.; meaḃair, *f*.
witch—bandraoi, *f*., ban-easarlaí, *f*., cailleaċ pis(r)eog, *f*., bean feasa.
witchcraft — easarlaíoċt, *f*., pis(r)eoga.
with—le; along w.—fara, i dteannta, mar aon le.
withdraw (to)—cúlaḋ, tarraing ar gcúl, dul ar gcúl; w. (statement)—d'aṫġairm.
withe—gad, *m*., gadraċ, *m*., slat, *f*.

wither (to)—feoċaḋ adj. feoċta, críon; -ed branches—críonaċ, *m.*
withhold—coinneáil, coinneáḋ.
within—istiġ, laistiġ (ḋe); (w. a mile) i ngoireaċt míle ḋo.
without—gan; (outside) amuiġ, lasmuiġ (ḋe).
withstand (to)—seasaṁ in aġaiḋ, cur in a.
witness—finné, *m.*; to bear w.—fianaise a ṫabairt; to w. (see)—ḋ'ḟeiscint, ḋ'ḟeiceáil.
wizard—draoi, *m.*, easarlaí, *m.*; -dry—draíoċt, *f.*, easarlaíoċt, *f.*
woe—brón, *m.*, léan, *m.*, mairg, *f.*; mo ṁairg! mo léan!
woeful—léanṁar, tubaisteaċ.
wolf—faolċú, *f.*, mactíre, *m.*
woman—bean, *f.*; young w.—óigbean, ainnir, *f.*; -kind—bantraċt, *f.*; -ly—banúil.
womb—brú, *f.*, *g.* broinne.
wonder—ionaḋ, *m.*, iontas, *m.*; (surprise)—is i. le, tá i. ar; I w. if it —ní ḟeadar an ?
wonderful—iontaċ.
woo (to)—suirí le, ḋéanaṁ grá le.
wood—coill, *f.*; -ed—coillteaċ, fá ċoillte.
wood—aḋmaḋ, *m.*; wooden—aḋmaiḋ; w.-head—ceann cipín.
woodbine—táiṫéileann, *m.*
woodcock—(bird) creaḃar, *m.*, coileaċ feá, *m.*
wood-pigeon—colúr, *m.*, colm, *m.*
woof—inneaċ, *m.*
wool—olann, *f.*; woollen—olla.
word—focal, *m.*, briaṫar, *m.*; wordy —foclaċ, briaṫraċ.
work—obair, *f.*; (business) gnó, *m.*, saoṫar, *m.*
worker—oibrí, *m.*, saoṫraí, *m.*
world—doṁan, *m.*, saol, *m.*, cruinne, *f.*; -ly—saolta.
worm—piast, *f.*; (maggot) cnuiṁ, *f.*
wormwood—mormont, *m.*
worn—caite, sean-ċaite, lom-ċaite.
worry (to)—crá, *m.*, buaireaṁ, *m.*, buairt, *f.*
worse—comp. adj. (níos) measa; -worst—is measa, ba ṁ.
worship — aḋraḋ, aḋraim. Your Worship—a Ṫiarna Ḃreiṫiṁ.
worth—luaċ, *m.*; what is it w.? caḋ (cá ṁéaḋ, an mór) is fiú é? is fiú punt é.
worthless—ní fiú tada (ní fiú aon ní) é.
worthy—fónta, fiúntaċ; he is w. of it—is fiú é é, tá san tuillte aige, is maiṫ an airiḋ ar.
would—(wish) b'áil (b'ḟonn, b'ḟearr) le.
wound—(hurt) goin, *f.*, créaċt, *f.*, cneá, *f.*; to w.—gonaḋ.
wrangle—aċrann, *m.*, conspóid, *f.*
wrap (to)—filleaḋ i, fillim i; wrapper—clúdaċ, *m.*
wrath—fíoċ, *m.*, fraoċ, *m.*; -ful—fíoċṁar, fraoċda.
wreak (to)—agairt (díoltais, etc.).
wreath—fleasc, *f.*, bláiṫḟleasc.
wreathe (to)—cóiriú, maisiú.
wreck (to)—briseaḋ, milleaḋ; shipwreck—longḃriseaḋ.
wren—dreoilín, *m.*, dreolán, *m.*
wrench (to)—staṫaḋ, casaḋ, tarraing; (tool) greamaire, *m.*, castúir, *m.*
wrest (to)—baint ḋe, stracaḋ ó.
wrestling—ag iomrascáil, *f.*; -ler—iomrascálaí *m.*
wretch—truán, *m.*, ainniseoir, *m.*; (derog.) claḋaire, *m.*, alfraits, *f.*; -ed—dona, ainnis.
wriggle (to)—lúbarnaíl, *f.*
wright—saor, *m.*, ceardaí, *m.*; ship-w.—saor loinge; stone mason—s. cloiċe.
wring (to)—(wet clothes) fáscaḋ, casaḋ; wringing wet—ag sileaḋ uisce.
wringer—fáisceán, *m.*
wrinkle—fáirbre, *f.*, caisirnín, *m.*, riast, *m.*, filltín, *m.*
wrist—rí, *f.*, caol láiṁe, *m.*
write (to), -ing—scríoḃaḋ; -er—scríḃneoir, *m.*, scríoḃaí, *m.*; manuscript—(láiṁ)scríḃinn, *f.*
writhe (to)—lúbaḋ (le péin), lúbarnaiġ.
wrong—n. éagóir, *f.*, éigeart, *m.*; adv. -fully—go héagóraċ, go neaṁċeart; pred. adj.—ní cóir, ní ceart, mí-ċeart.
wry—fiar, cam, ar sceaḃa.

X

xenomania—gaill-ṁian, *f.*, dúil san iasaċt.

Y

yacht—luaṁ, *m.*
Yankee—Poncán, *m.*
yard—(measure) slat, *f.*; (enclosure) clós, *m.*, buaile, *f.*, tuar, *m.*
yard—(ship spar) cleiṫ, *f.*, c. seoil.
yarn—snáṫ, *m.*, aḃras, *m.*; (tale)—eaċtra, *f.*
yarrow—(herb) aṫair talún, *m.*
yawning—ag méanfaíoċ.
ye—siḃ, siḃ-se.
year—bliain, *f.*; new y.—an aiṫ-ḃliain, nua-ḃ.; -ly—bliantúil, ó ḃliain go b.
yearn—I y.—táim ag tnúṫ le; -ing —ag tnúṫ(án).
yeast—giost, *m.*, gaḃáil, *f.*
yell—scréaċ, *f.*, béic, *f.*; yelling—ag scréaċaiġ, ag béiciġ.
yellow—buí.
yellow-hammer—buíóg, *f.*, gealḃan buí, *m.*, diairmín riaċ.
yelp—alp, *m.*, sceaṁ, *m.*; -ing—ag sceaṁaíl, *f.*
yes—use verb of question with suitable inflection: An ḃfuilir? Táim. An ea? Is ea. Ar iṫeaḃair? D'iṫeamar. An dtiocfaiḋ tú? Tiocfaiḋ mé.
yesterday—an lá inné; maidin i.; tráṫnóna i.
yet—adv. fós, go fóill.
yet—conj. mar sin féin, 'na ḋiaiḋ sin (is uile).
yew—iuḃar, *m.*
yield (to)—(surrender) géilleaḋ, stríocaḋ.
yield—(crop, profit) toraḋ, *m.* It yields a good crop—tugann sé toraḋ maiṫ.
yoke—cuing, *f.*, ama, *m.*; under the y.—fén ama; to y.—gaḃáil, gléasaḋ; -ed—gafa, gléasta.
yolk—(of egg) buíocán, *m.*
yonder—ṫall, úd (súd) ṫall.
yore—(of yore) anallód; cianta ó ṡin, fadó, sa tsean-ṡaol.
you—tú, tusa, *pl.*-siḃ, siḃ-se.
young—óg, óigeanta, sóisearaċ.
young—n. clann, *f.*; (of birds, animals) ál.
your—do, *pl.*-ḃur; do ċuid-se, *pl.*-ḃur gcuid-na.
youth—óige, *f.*, ógra, *m.*, ógḃaiḋ, *f.*; -ful—óg, óigeanta.
Yule(tide)—Nollaig, *f.*

Z

zeal—díograis, *f.*, dúṫraċt, *f.*; adj. -seaċ, -taċ.
zenith—forar, *m.*, buaic spéire, *f.*
zephyr—leoiṫne, lóiṫne, *f.* & *m.*, l. gaoiṫe.
zero—náda, náid, *f.*, nialas, *m.*
zig-zag—fiar, ar fiar sceo; anonn 's anall.
zinc—sionc, *m.*
zodiac—rinní, *m.*, grian-ċrios, *m.*; (signs of) coṁarṫaí an ġrian-ċreasa.
zone—crios, *m.*; torrid z.—teo-ċrios; temperate z.—c. measarṫa; frigid z.—c. uarga; (an area) limistéir, *m.*
zoology—míleolas, *m.*, míleolaíoċt, *f.*; -gist—míleolaí.

Contractions

a., acc.	= accusative	hab.	= habitual
adj.	= adjective	impr(v.)	= imperative
adv.	= adverb	infin.	= infinitive
auton.	= autonomous	interr.	= interrogative
coll.	= collective	*m.* Mas.	= masculine
compar.	= comparative	mil.	= military
condtnl.	= conditional	n.	= noun
conj.	= conjugation(al)	*N.* & *A.*	= nominative and accusative
d., dat.	= dative	*pl.*	= plural
decl.	= declension	pred.	= predicate
dep.	= dependent	pron.	= pronoun
derog.	= derogatory	*sg.*	= singular
electr.	= electric(al)	subj.	= subjunctive
f., Fem.	= feminine	sup(rl.)	= superlative
g., gen.	= genitive	syll.	= syllable
geogr.	= geographical	v.	= verb
gram.	= grammar (–atical)	vc., voc.	= vocative

ARTICLE, NOUN, ADJECTIVE

TABLES OF DECLENSIONS

1*st Decl.* All Mas. and end in broad consonant. Gen. sg. formed by attenuation of final Consonant.

	sg.	*pl.*	*sg.*	*pl.*
N. & A.:	an capall glas	na capaill ġlasa	an t-uan bán	na huain ḃána
Gen.:	an ċapaill ġlais	na gcapall nglas	an uain ḃáin	na n-uan mbán
Dat.:	ar an gcapall glas	ar na capaill ġlasa	ar an uan bán	ar na huain ḃána
Voc.:	a ċapaill ġlais	a ċapalla glasa	a uain ḃáin	a uana bána
N. & A.:	an sagart óg	na sagairt óga	an coileaċ mór	na coiliġ ṁóra
Gen.:	an tsagairt óig	na sagart n-óg	an ċoiliġ ṁóir	na gcoileaċ mór
Dat.:	ar an sagart óg	ar na sagairt óga	ar an gcoileaċ mór	ar na coiliġ ṁóra
Voc.:	a ṡagairt óig	a ṡagarta óga	a ċoiliġ ṁóir	a ċoileaċa móra

Other nouns of 1st Decl.: aingeal, alt, aonaċ*, bád, bealaċ, bóṫar†, ceann, claiḋeaṁ*, crann, diaḃal, doras†, éadaċ, éan, fear, folt, gort, greann, iasc, leanḃ, leaṫnaċ, lon, mac, meacan, néall†, neart, orlaċ, oṫar, port, rún, scéal*, solas†, teagasc, teampall, ualaċ, uasal†.

* *pl.*, **-ta, -taí, -te** ; † *pl.*, bóiṫre, doirse, soilse, uaisle. Leanḃ, *pl.*, leanaí.

2*nd Decl.* All Fem. Most end in broad Consonant. Gen. sg. in (added)—**e**.

N. & A.:	an ṁéar ḃeag	na méara* beaga	an ċos ċaol	na cosa caola
Gen.:	na méire bige	na méar mbeag	na coise caoile	na gcos gcaol
Dat.:	ar an méir ḃig	ar na méara* beaga	ar an gcois ċaoil	ar na cosa caola
Voc.:	a ṁéar ḃeag	a ṁéara beaga	a ċos ċaol	a ċosa caola

* also méireanna.

an ċailleaċ, *g. sg.*, na caillí; *dat.*, ar an gcailliġ; *pl.*, na cailleaċa; *g. pl.*, na gcailleaċ.
an tseamróg, *g. sg.*, na seamróige; *dat.*, ar an tseamróig.

Other nouns of 2nd Decl.: aiḃléis, aill†, áit*, beaċ (beiċe), bláṫaċ (bláṫaí), ciall, cloċ, cluas, duais*, eisc*, feis*, géag, grian†, luiḃ*, laiṫeaċ (laiṫí), muc, niṁ*, obair (oibre), pian† (péine), sceaċ (sceiċe), scian (scine), scoil*, spéir†, sráid*†, etc.

*—*pl.*, **-eanna.** †—*pl.*, **-te, -ta, -ṫa, -eaċa.**

3rd Decl. Nouns. Mas. or Fem., end in broad or slender Consonants. Gen. sg. in (added) **-a.** In it are:—

(a) All 2-syll. nouns in **-óir, -úir, -éir** (Mas.) .i. bádóir (bádóra), dlíodóir, fíodóir, etc.; doċtúir (doċtúra), saiġdiúir; tincéir (tincéara), ministéir, etc. All -óir, -úir, -éir nouns have *pl.*, in **-í.**

(b) All 1-syll. nouns in **-ċt** (Mas.) .i. aċt (aċta), ceaċt (ceaċta), éaċt, leaċt, reaċt, rioċt, loċt, etc. Usual *pl.*, **-anna, -a** or **-aí.**

(c) Other Mas. nouns .i. cioṫ (ceaṫa), crios (creasa), eas, fios, geas, greim, lios, meas, riṫ, roṫ, rud, seinm (seanma), teas, etc. Usual *pl.* **-anna, —a.**

(d) Fem. nouns .i. bliain (bliana), cuid (coda), fuil, muir (mara), and 2-syll. (Fem.) nouns in **aċt** .i. carṫannaċt, deiseaċt, éisteaċt, fiosraċt, etc.

(e) V. nouns in -áil, -íl. (Fem.) .i. bordáil (-ála), cruáil, iarnáil, teagṁáil, útamáil, etc.; bradaíl (-aíola), feadaíl, geonaíl.

Article and adj. usage as in Decl. 1 (Mas. nouns), and 2 (Fem. nouns).

4th Decl. Nouns (Mas. and Fem.) ending in **-í (-aí), -ine,** or **-ín** belong to this decl. Their form remains unchanged in the Sing. cases (except for aspiration or eclipsis of the initial). *pl.*, is in **-í,** or **-iṫe, -ite.**

(a) *Nouns in* **-í** (Mas.): ceannaí, cleasaí, gadaí, gréasaí, oibrí, rúnaí, etc.; *pl.* **-aiṫe, -iṫe.**

(b) *Nouns in* **-(a)ire** (Mas.): cinnire, croċaire, faraire, peannaire, pótaire, cigire, slugaire, stualaire, súmaire, etc.; *pl.*, **-airí, -irí.**

(c) *Nouns in* **-ín** (Mas.), *pl.*, -íní: báidíní, cailíní, dailtíní, etc.

(d) *Nouns in* **–e** (all Fem.) derived from adjs. belong to this decl. and do not change (except for aspiration and eclipsis of the initial):—báine, binne, caoile, déine, gile, goirme, leiṫne, troime, etc.

(e) *Other nouns ending in vowels* (Mas. & Fem.):—áirne (*f.*), cúinne (*m.*), daoi (*m.*), draoi (*m.*), duine (*m.*), eiṫne (*f.*), fínné (*m.*), gnó (*m.*), laoi (*f.*), léine (*f.*), míle (*m.*), muine (*f.*), ní (*m.*), reiṫe (*m.*), etc.
Article and adj. usage as in Decl. 1 (Mas. nouns), and 2 (Fem. nouns).

5th Decl. All nouns of this decl. are Fem. Case endings are as shown in table following:—

N. A. V.	*Gen. sg. & pl.*	*Dat.*	*pl.*	*N. A. V.*	*Gen. sg. & pl.*	*Dat.*	*pl.*
(a) bró (quern)	bró**n**	bró**in**	bróinte	(b) caora	caor**aċ**	caoiriġ	caoiriġ
ceaṫrú	ceaṫrú**n**	ceaṫrú**in**	ceaṫrúin (–úna)	caṫair	caṫr**aċ**	caṫair	caṫraċa
coṁursa	coṁurs**an**	coṁurs**ain**	coṁursain	caṫaoir	caṫaoir**eaċ**	caṫaoir	caṫaoire**aċa**
cú	co**n**	co**in**	coin	cráin	crán**aċ**	cráin	cránta
laċa	laċ**an**	laċ**ain**	laċain	eoċair	eoċ**raċ**	eoċair	eoċraċa
leite	leit**ean**	leit**in**	——	láṫair	láiṫ**reaċ**	láṫair	láiṫreaċa
(In like manner—pearsa, teanga, Alba, an Ṁuṁa).				litir	lit**reaċ**	litir	litreaċa
				miúil	miúl**aċ**	miúil	miúlaċa
(c) guala	gual**ann**	gual**ainn**	guaille (–lne)	riail	rial**aċ**	riail	rialaċa
(In like manner—Éire, Tailte, etc.)							
(d) cara	cara**d**	cara**id**	cairde				
naṁa	naṁa**d**	naṁa**id**	naiṁde				
fiċe	fiċead	fiċid	fiċid(í)				
(In like manner each decade number to 90).							

Article and adj. usage as in Decl. 2, Fem. nouns.

General Note.—'strong' plural additions, viz., **–í**, **–anna**, **–aċa**, **–ta**, **–te** (**ṫa**, **ṫe**) are usually retained in all *pl.* cases.

Irregular Nouns

bean (*f.*), *g.* mná, *d.* mnaoi, *pl.* mná, *g. pl.* (m)ban

bó (*f.*), *g.* bó, *d.* boin, *pl.* ba, *g. pl.* (m)bó.

teaċ (*m.*), *g.* tí, *d.* tiġ, *pl.* tiṫe, *g. pl.* (d)tiṫe

sliaḃ (*m.*), *g.* sléiḃe, *d.* sliaḃ, *pl.* sléiḃte, *g. pl.* sléiḃte

aṫair (*m.*), *g.* aṫar, *d.* aṫair, *pl.* aiṫreaċa, *g. pl.* (n-)aiṫreaċ(a)

máṫair (*f.*), *g.* máṫar, *d.* máṫair, *pl.* máiṫreaċa, *g. pl.* máiṫreaċ(a)

dearṫáir (*m.*), *g.* dearṫár, *d.* dearṫáir, *pl.* dearṫáraċa, *g. pl.* dearṫár(aċa)

deirḟiúr (*f.*), *g.* deirḟéar, *d.* deirḟír, *pl.* deirḟéaraċa, *g. pl.* deirḟéar(aċa)

TABLE OF REGULAR VERBS

	glanaḋ—to clean	**briseaḋ**—to break	**neartú**—to strengthen	**bailiú**—to collect
Present Tense	glanaim glanair, ——ann tú glanann sé, etc. glanaimid glanann siḃ glanaid, ——ann siad *auton.*: glantar	brisim brisir, ——eann tú briseann sé, etc. brisimid briseann siḃ brisid, ——eann siad *auton.*: bristear	neartaím neartaír, ——aíonn tú neartaíonn sé, etc. neartaímid neartaíonn siḃ neartaíd, ——aíonn siad *auton.*: neartaítear	bailím bailír, ——íonn tú bailíonn sé, etc. bailímid bailíonn siḃ bailíd, ——íonn siad *auton.*: bailítear
Past Tense	ġlanas ġlanais ġlan sé, etc. ġlanamar ġlanaḃair ġlanadar *auton.*: glanaḋ	ḃriseas ḃrisis ḃris sé, etc. ḃriseamar ḃriseaḃair ḃriseadar *auton.*: briseaḋ	neartaíos neartaís neartaiġ sé, etc. neartaíomar neartaíoḃair neartaíodar *auton.*: neartaíoḋ	ḃailíos ḃailís ḃailiġ sé, etc. ḃailíomar ḃailíoḃair ḃailíodar *auton.*: bailíoḋ
H. Past Tense	ġlanainn ġlantá ġlanaḋ sé, etc. ġlanaimis ġlanaḋ siḃ ġlanaidís *auton.*: glantaí	ḃrisinn ḃristeá ḃriseaḋ sé, etc. ḃrisimis ḃriseaḋ siḃ ḃrisidís *auton.*: bristí	neartaínn neartaíṫeá neartaíoḋ sé, etc. neartaímis neartaíoḋ siḃ neartaídís *auton.*: neartaíṫí	ḃailínn ḃailíṫeá ḃailíoḋ sé, etc. ḃailímis ḃailíoḋ siḃ ḃailídís *auton.*: bailíṫí
Fut. Tense	glanfad, ——faiḋ mé glanfair, ——faiḋ tú glanfaiḋ sé, etc. glanfaimid glanfaiḋ siḃ glanfaid, ——faiḋ siad *auton.*: glanfar	brisfead, ——fiḋ mé brisfir, ——fiḋ tú brisfiḋ sé, etc. brisfimid brisfiḋ siḃ brisfid, ——fiḋ siad *auton.*: brisfear	neartód, ——óiḋ mé neartóir, ——óiḋ tú neartóiḋ sé, etc. neartóimid neartóiḋ siḃ neartóid, ——óiḋ siad *auton.*: neartófar	baileod, ——eoiḋ mé baileoir, ——eoiḋ tú baileoiḋ sé, etc. baileoimid baileoiḋ siḃ baileoid, ——eoiḋ siad *auton.*: baileofar

Condtnl. Md.	ġlanfainn ġlanfá ġlanfaḋ sé, etc. ġlanfaimis ġlanfaḋ siḃ ġlanfaidís *auton.*: glanfaí	ḃrisfinn ḃrisfeá ḃrisfeaḋ sé, etc. ḃrisfimis ḃrisfeaḋ siḃ ḃrisfidís *auton.*: brisfí	neartóinn neartófá neartóḋ sé, etc. neartóimis neartóḋ siḃ neartóidís *auton.*: neartófaí	ḃaileoinn ḃaileofá ḃaileoḋ sé, etc. ḃaileoimis ḃaileoḋ siḃ ḃaileoidís *auton.*: baileofaí
Subj. Present	glanad glanair, ——a tú glana sé, etc. glanaimid glana siḃ glanaid, ——a siad *auton.*: glantar	brisead brisir, ——e tú brise sé, etc brisimid brise siḃ brisid, ——e siad *auton.*: bristear	neartaíod neartaír ——aí tú neartaí sé, etc. neartaímid neartaí siḃ neartaíd, ——aí siad *auton.*: neartaítear	bailíod bailír, ——í tú bailí sé, etc. bailímid bailí siḃ bailíd, ——í siad *auton.*: bailítear
Subj. Past	glanainn glantá glanaḋ sé, etc. glanaimis glanaḋ siḃ glanaidís *auton.*: glantaí	brisinn bristeá briseaḋ sé, etc. brisimis briseaḋ siḃ brisidís *auton.*: bristí	neartaínn neartaíṫeá neartaíoḋ sé, etc. neartaímis neartaíoḋ siḃ neartaídís *auton.*: neartaítí	bailínn bailíṫeá bailíoḋ sé, etc. bailímis bailíoḋ siḃ bailídís *auton.*: bailítí
Imperative	(glanaim) glan glanaḋ sé, etc. glanaimis glanaig (——igí) glanaidís *auton.*: glantar	(brisim) bris briseaḋ sé, etc. brisimis brisig (——igí) brisidís *auton.*: bristear	(neartaím) neartaiġ neartaíoḋ sé, etc. neartaímis neartaíg (——ígí) neartaídís *auton.*: neartaítear	(bailím) bailiġ bailíoḋ sé, etc. bailímis bailíg (——ígí) bailídís *auton.*: bailítear
Verbal N. & Infin.:—	glanaḋ	briseaḋ	neartú	bailiú
Verbal Adj.:—	glanta	briste	neartaiṫe	bailiṫe

To be—Beiṫ. Stems: tá—, fuil—, raḃ—

Present		*Past*		*Hab. Pres.*
táim	fuilim*	ḃíos	raḃas*	ḃím
táir	fuilir	ḃís	raḃais	ḃír, ——onn tú
tá sé	fuil sé	ḃí sé	raiḃ sé	ḃíonn sé
táimid	fuilimid	ḃíomar	raḃmar	ḃímid
tá siḃ	fuil siḃ	ḃíoḃair	raḃaḃair	ḃíonn siḃ
táid	fuilid	ḃíodar	raḃdar	ḃíd
auton.: táṫar,	fuiltear	*auton.:* ḃíoṫas,	raḃṫas	*auton.:* ḃítear Rel.: a ḃíos

Hab. Past	*Future*	*Conditional*	*Subj. Present*	*Subj. Past*
ḃínn	bead,—beiḋ mé	ḃeinn	raḃad	beinn
ḃíṫeá	beir,—beiḋ tú	ḃeifeá	raḃair	beiṫeá
ḃíoḋ sé	beiḋ sé	ḃeaḋ sé	raiḃ sé	beaḋ sé
ḃímis	beimid, beam†	ḃeimis	raḃaimid	beimis
ḃíoḋ siḃ	beiḋ siḃ	ḃeaḋ siḃ	raiḃ siḃ	beaḋ siḃ
ḃídís	beid,—beiḋ siad	ḃeidís	raḃaid	beidís
auton.: ḃítí	*auton.:* beifear	*auton.:* beifí	*aut.:* raḃṫas,	beití

Imperative:
(bím), ḃí, ḃíoḋ sé, ḃímis, ḃíġ (ḃíġí), ḃíoḋ siḃ, ḃídís. *auton.*: ḃítear.
Verbal N. and Infin.—beiṫ.

**Present* and *Past* have fuil– and raḃ– forms after ní, an ? naċ, go, a (all).
Present Tense negative is: nílim, nílir, níl, etc.

To say—RÁ. Stems: deir—, abr.

Present: deirim, deirir, deir(eann) sé, siḃ, siad, deirimid, deirid.
**Dep.:* abraím, abraír, abraíonn tú, sé, etc., abraímid, abraíd.
auton.: deirtear, abraítear.

Past: dúras, dúrais, dúirt sé, sí, dúramar, dúraḃair, dúradar.
auton.: dúrṫas, dúraḋ.

Hab. Past: deirinn, deirṫeá, deireaḋ sé, siḃ, siad, deirimis, deiridís.
Dep.: abraínn, abraíṫeá, abraíoḋ sé, siḃ, siad, abraímis, abraídís.
auton.: deirtí, abraítí.

Future: déarfad, déarfair, déarfaiḋ mé, tú, sé, etc., déarfaimid, déarfaid.
Dep.: abród, abróir, abróiḋ tú, sé, etc., abróimid, abróid.
auton.: déarfar, abrófar.

Condtnl.: déarfainn, déarfá, déarfaḋ sé, siḃ, déarfaimis, déarfaidís.
Dep.: abróinn, abrófá, abróḋ sé, etc., abróimis, abróidís.
auton.: déarfaí, abrófaí.

Subj. Pres.: abraíod, abraír, abraí sé, etc., abraímid, abraíd
auton.: abraítear.

Subj. Past: abraínn, abraíṫeá, abraíoḋ sé, etc., abraímis, abraídís.
auton.: abraítí.

---

*Dependent forms (where they exist) are used after the Particles—**ní, an ? naċ, naċ ? go, a** (=all).

†All verbs have such short forms in 1st. Pl., Future—**glanfam, baileom, déarfam, ċífeam, etc.**

Imprtv.: (abraím), abair, abraíoḋ sé, abraímis, abraíġ (-ġí), abraídís.
auton.: abraítear.

Verbal N. and *Infin.*—rá. *V. Adj.*—ráite.

To take away, to catch—**breiṫ**. Stems: beir—, rug—.

Present: beirim, beirir, beireann tú, sé, etc., beirimid, beirid.
auton.: beirtear.

Past: ḃeireas, ḃeiris, ḃeir sé, etc., ḃeireamar, ḃeireaḃair, ḃeireadar.

Dep.: rugas, rugais, rug tú, sé, rugamar, rugaḃair, rugadar.
auton.: beireaḋ, rugaḋ.

Hab. Past: ḃeirinn, ḃeirṫeá, ḃeireaḋ sé, etc., ḃeirimis, ḃeiridís.
auton.: beirtí.

Future: béarfad, béarfair, béarfaiḋ tú, sé, etc., béarfaimid, béarfaid.
auton.: béarfar.

Condtnl.: ḃéarfainn, ḃéarfá, ḃéarfaḋ sé, siḃ., ḃéarfaimis, ḃéarfaidís.
auton.: béarfaí.

Subj. Pres.: beiread, beirir, beire tú, sé, etc., beirimid, beirid.
auton.: beirtear.

Subj. Past: beirinn, beirṫeá, beireaḋ sé, etc., beirimis, beiridís.
auton.: beirtí.

Imprtv.: (beirim), beir, beireaḋ sé, beirimis, beiriġ (-ġí), beiridís.
auton.: beirtear.

Verbal N. and *Infin.*—breiṫ. *V. Adj.*—beirte.

To give—**taḃairt**. Stems: ḃeir—, ṫug—, taḃar—.

Present: ḃeirim, ḃeirir, ḃeireann tú, sé, etc., ḃeirimid, ḃeirid.

Dep.: tugaim, tugair, tugann tú, sé, etc., tugaimid, tugaid.
auton.: ḃeirtear, tugtar.

Past: ṫugas, ṫugais, ṫug (with any pron.), ṫugamar, ṫugaḃair, ṫugadar.
auton.: tugaḋ.

Hab. Past: ḃeirinn, ḃeirṫeá, ḃeireaḋ sé, etc., ḃeirimis, ḃeiridís.

Dep.: ṫugainn, ṫugṫá, ṫugaḋ sé, etc., ṫugaimis, ṫugaidís.
auton.: ḃeirtí, tugtaí.

Future: ḃéarfad, ḃéarfair, ḃéarfaiḋ (with any pron.), ḃéarfaimid, ḃéarfaid.

Dep.: taḃarfad, taḃarfair, taḃarfaiḋ (with any pron.), taḃarfaimid, taḃarfaid.
auton.: ḃéarfar, taḃarfar.

Condtnl.: ḃéarfainn, ḃéarfá, ḃéarfaḋ sé, siḃ, ḃéarfaimis, ḃéarfaidís.

Dep.: taḃarfainn, taḃarfá, taḃarfaḋ sé, siḃ, taḃarfaimis, taḃarfaidís.
auton.: ḃéarfaí, taḃarfaí.

Subj. Pres.: tugad, tugair, tuga (with any pron.), tugaimid, tugaid.
auton.: tugtar.

Subj. Past: tugainn, tugṫá, tugaḋ sé, etc., tugaimis, tugaidís.

Imprtv.: (tugaim), taḃair, tugaḋ sé, tugaimis, tugaiġ (-iġí), tugaidís.
auton.: tugtar.

Verbal N. and *Infin.*—taḃairt. *V. Adj.*—taḃarṫa, tugṫa.

To see—**feiscint.** Stems: ċí—, feic—.

Present: ċím, ċír, ċíonn tú, sé, etc., ċímid, ċíd.
Dep.: feicim, feicir, feiceann tú, sé, etc., feicimid, feicid
auton.: ċítear, feictear.
Past: ċonaiceas, ċonaicis, ċonaic mé, tú, sé, etc., ċonaiceamar, ċonaiceaḃair, ċonaiceadar
Dep.: faca(s), facais, faca tú, sé, etc., facamar, facaḃair, facadar
auton.: ċonacṫas, facaṫas.
Hab. Past: ċínn, ċíṫeá, ċíoḋ sé, siḃ, ċímis, ċídís.
Dep.: feicinn, feicṫeá, feiceaḋ sé, siḃ, feicimis, feicidís.
auton.: ċíṫí, feicṫí.
Future: ċífead, ċífir, ċífiḋ tú, sé, etc., ċífimid, ċífid.
Dep.: feicfead, feicfir, feicfiḋ tú, sé, etc., feicfimid, feicfid.
auton.: ċífear, feicfear.
Condtnl.: ċífinn, ċífeá, ċífeaḋ sé, etc., ċífimis, ċífidís.
Dep.: feicfinn, feicfeá, feicfeaḋ sé, siḃ, feicfimis, feicfidís.
auton.. ċífí, feicfí.
Subj. Pres.: feicead, feicir, feice mé, tú, sé, etc., feicimid, feicid
auton.: feictear.
Subj. Past: feicinn, feicṫeá, feiceaḋ sé, siḃ, feicimis, feicidís.
auton.: feictí.
Imprtv.: (feicim), feic, feiceaḋ sé, feicimis, feicig (-igí), feicidís
auton.: feictear.
Verbal N. and *Infin.*—feiscint, feicsint, feiceáil. *V. Adj.*—feiciṫe, feicṫe.

To obtain (get)—**fáil** Stems: ġeiḃ—, faiġ—.

Present: ġeiḃim, ġeiḃir, ġeiḃeann tú, sé, etc., ġeiḃimid, ġeibid.
Dep.: faiġim, faiġir, faiġeann tú, sé, etc., faiġimid, faiġid.
auton.: ġeiḃtear, faiġtear.
Past: fuaireas, fuairis, fuair sé, etc., fuaireamar, fuaireaḃair, fuaireadar.
auton: fuairṫeas, fuarṫas, fuaireaḋ.
Hab. Past: ġeiḃinn, ġeiḃṫeá, ġeiḃeaḋ sé, siḃ, ġeiḃimis, ġeiḃidís.
Dep.: faiġinn, faiġṫeá, faiġeaḋ sé, siḃ, faiġimis, faiġidis.
auton.: ġeiḃtí, faiġtí.
Future: ġeoḃad, ġeoḃair, ġeoḃaiḋ mé, tú, etc., ġeoḃaimid, ġeoḃaid
Dep.: faiġead, faiġir, faiġiḋ mé, tú, etc., faiġimid, faiġid.
auton.: ġeofar, faiġfear.
Condtnl.: ġeoḃainn, ġeofá, ġeoḃaḋ sé, siḃ, ġeoḃaimis, ġeoḃaidís.
Dep.: faiġinn, faiġfeá, faiġeaḋ sé, siḃ, faiġimis, faiġidís.
auton.: ġeoḃfaí, faiġfí.
Subj. Pres.: faiġead, faiġir, faiġe mé, tú, sé, etc., faiġimid, faiġid
auton.: faiġtear.
Subj. Past: faiġinn, faiġṫeá, faiġeaḋ sé, siḃ, faiġimis, faiġidís.
auton.: faiġṫí.
Imprtv.: (faiġim), faiġ, faiġeaḋ sé, faiġimis, faiġig (-igí), faiġidis
auton.: faiġtear.
Verbal N. and *Infin.*—fáil. *V. Adj.*—faċta, faiġte.

To go—**Dul.** Stems: té—, ċua—, deaċ— (deaġ- -), raġ—, (raċ—).

Present: téim, téir, téann tú, sé, etc., téimid, téid.
auton.: téitear.

Past: ċuas, ċuais, ċuaiġ tú, sé, etc., ċuamar, ċuaḃair, ċuadar.

Dep.: deaċas, deaċais, (or— deaġas, deaġais, etc.), deaċaiġ sé, siḃ, deaċamar, deaċaḃair, deaċadar.
auton.: ċuaṫas, deaġṫas.

Hab. Past: ṫéinn, ṫéiṫeá, ṫéaḋ sé, siḃ, ṫéimis, ṫéidís.
auton.: ṫéiṫí.

Future: raġad, raġair, raġaiḋ mé, tú, sé, etc., raġaimid, raġaid.
(or—raċad, raċair, etc.).
auton.: raġfar.

Condtnl.: raġainn, raġfá, raġaḋ sé, siḃ, raġaimis, raġaidís.
(or—raċainn, raċṫá, etc.)
auton.: raġfaí.

Subj. Pres.: téad, téir, té mé, tú, sé, etc., téimid, téid.
auton.: Téitear.

Subj. Past: téinn, téiṫeá, téaḋ sé, siḃ, téimis, téidís.
auton.: téiṫí.

Imprtv.: (téim), téiriġ (téiġ), téaḋ sé, téimis, téig (–igí), téidís.
auton.: téitear.

Verbal N. and *Infin.*—dul. *V. Adj.*—dulta.

To come—**Teaċt, Tíoċt.** Stems: tag—, tig—, táng—, tioc—, tar.

Present: tagaim, tagair, tagann tú, sé, etc., tagaimid, tagaid.
(or—tigim, tigir, etc.)
auton.: tagtar, títear.

Past: ṫángas, ṫángais, ṫáinig mé, tú, sé, etc., ṫángamar, ṫángaḃair, ṫángadar.
auton.: ṫángṫas.

Hab. Past: ṫagainn, ṫagṫá, ṫagaḋ sé, siḃ, ṫagaimis, ṫagaidís.
(or—ṫiginn, ṫigṫeá, etc.).
auton.: tagtaí.

Future: tiocfad, tiocfair, tiocfaiḋ (with any pron.), tiocfaimid, tiocfaid.
auton.: tiocfar.

Condtnl.: ṫiocfainn, ṫiocfá, ṫiocfaḋ sé, siḃ, ṫiocfaimis, ṫiocfaidís.
auton.: tiocfaí.

Subj. Pres.: tagad, tagair, taga (with any pron.), tagaimid, tagaid.
(or—tigead, tige (tí), mé, tú, etc.)
auton.: tagtar.

Subj. Past: tagainn, tagṫá, tagaḋ sé, siḃ, tagaimis, tagaidís.
(or—tiginn, tigṫeá).
auton.: tagtaí.

Imprtv.: (tagaim), tar*, tagaḋ sé, tagaimis, tagaig (–igí), tagaidís.
auton.: tagtar, títear.

*also 'téanam'.

Verbal N. and *Infin.*—teaċt, tíoċt. *V. Adj.*—tagṫa, tagaiṫe.

To do, to make—**déanaṁ**. Stems: déan—(dein—), rinn—, dearn—.

Present: déanaim, déanair, déanann tú, sé, etc., déanaimid, déanaid.
auton.: déantar.

Past: rinneas, rinnis, rinne (with any pron.), rinneamar, rinneaḃair, rinneadar.
or: ḋeineas, ḋeinis, ḋein (with any pron.), etc.

Dep.: dearnas, dearnais, dearna (with any pron.), dearnamar, dearnaḃair, dearnadar.
auton.: rinneaḋ, deineaḋ, dearnaḋ.

Hab. Past: ḋéanainn, ḋéantá (–ṫá), ḋéanaḋ sé, siḃ, ḋéanaimis, ḋéanaidís.
auton.: déantaí.

Future: déanfad, déanfair, déanfaiḋ (with any pron.), déanfaimid, déanfaid.
auton.: déanfar.

Condtnl.: ḋéanfainn, ḋéanfá, ḋéanfaḋ sé, siḃ, ḋéanfaimis, ḋéanfaidís.
auton.: déanfaí.

Subj. Pres.: déanad, déanair, déana (with any pron.), déanaimid, déanaid. *or:* deinead, deinir, etc.
auton.: déantar.

Subj. Past: déanainn, déantá (–ṫá), déanaḋ sé, siḃ, déanaimis, déanaidís.
auton.: déantaí.

Imprtv.: (déanaim), déan, déanaḋ sé, déanaimis, déanaig (–igí), déanaidís.
(or—dein, deineaḋ sé, deinimis, etc.).
auton.: déantar, deintear.

Verbal N. and *Infin.*—déanaṁ. *V. Adj.*—déanta.

To eat—**iṫe**. Stems: iṫ—, íos—.

Present: iṫim, iṫir, iṫeann tú, sé, siḃ, siad, iṫimid, iṫid.
auton.: itear.

Past: iṫeas, iṫis, iṫ sé, iṫeamar, iṫeaḃair, iṫeadar.
auton.: iṫeaḋ.

Hab. Past: iṫinn, iṫeá (iteá), iṫeaḋ sé, siḃ, iṫimis, iṫidís.
auton.: ití.

Future: íos(f)ad, íos(f)air, íos(f)aiḋ (with any pron.), íos(f)aimid, íos(f)aid.
auton.: íosfar.

Condtnl.: íos(f)ainn, íosfá, íos(f)aḋ sé, siḃ, íos(f)aimis, íos(f)aidís.
auton.: íosfaí.

Subj. Pres.: iṫead, iṫir, iṫe (with any pron.), iṫimid, iṫid.
auton.: itear.

Subj. Past: iṫinn, iṫeá, iṫeaḋ sé, siḃ, iṫimis, iṫidís.
auton.: ití.

Imprtv.: (iṫim), iṫ, iṫeaḋ sé, iṫimis, iṫig (–igí), iṫidís.
auton.: itear.

Verbal N. and *Infin.*—iṫe. *V. Adj.*—ite.

To hear—**clos, cloisint, cloisteáil.*** Stems: clois—, cual—.

Present: cloisim, cloisir, cloiseann tú, sé, etc., cloisimid, cloisid.
auton.: cloistear.

Past: ċualas, ċualais, ċuala tú, sé, etc., ċualadar, ċualaḃair, ċualadar.
auton.: ċualaṫas.

Hab. Past: ċloisinn, ċloisteá, ċloiseaḋ sé, siḃ, ċloisimis, ċloisidís.
auton.: cloistí.

Future: cloisfead, cloisfir, cloisfiḋ tú, sé, etc., cloisfimid, cloisfid.
auton.: cloisfear.

Condtnl.: ċloisfinn, ċloisfeá, ċloisfeaḋ sé, siḃ, ċloisfimis, ċloisfidís.
auton.: cloisfí.

Subj. Pres.: cloisead, cloisir, cloise (with any pron.), cloisimid, cloisid.
auton.: cloistear.

Subj. Past: cloisinn, cloisteá, cloiseaḋ sé, siḃ, cloisimis, cloisidís.
auton.: cloistí.

Imprtv.: (cloisim), clois, cloiseaḋ sé, cloisimis, cloisig (–igí), cloisidís.
auton.: cloistear.

Verbal N. and *Infin.*—clos, cloisint, cloisteáil. *V. Adj.*—cloiste.

*also '**cluinstin**' —Stem: cluin— often used instead of 'clos.'

THE COPULA—IS

Pres. Tense: is; *Past Tense*: ba; *Fut.*: ḃus (seldom used); *Condtnl.* and *Subj.*: ba(ḋ). Combined with particles: ní, níh—, níos, níb, níorḃ, naċ, nárḃ, cárḃ? go mb., gomaḋ, gur(a), gurab, gurḃ.

TABLE OF PREPOSITIONAL PRONOUNS

agam	agat	aige	aici	againn	agaiḃ	acu
asam	asat	as	aisti	asainn	asaiḃ	astu
ċugam	ċugat	ċuige	ċuici	ċugainn	ċugaiḃ	ċucu
díom	díot	de	di	dínn	díḃ	díoḃ
dom	duit	dó	di	dúinn	daoiḃ (díḃ)	dóiḃ
faram	farat	fairis	fairéiṫi	farainn	faraiḃ	faró(ṫa)
fúm (fám)	fút	fé (faoi)	fúiṫi	fúinn	fúiḃ	fúṫu
{ idir mé / eadram	idir tú	idir é	idir í	eadrainn	eadraiḃ	eatarṫu
ionam	ionat	ann	inti	ionainn	ionaiḃ	iontu
liom	leat	leis	léi	linn	liḃ	leo
orm	ort	air	uirṫi	orainn	oraiḃ	orṫu
roṁam	roṁat	roiṁe	roimpi	roṁainn	roṁaiḃ	rompu
tar(a)m	ṫar(a)t	ṫairis	ṫairsti	ṫarainn	ṫaraiḃ	ṫarstu
tríom	tríot	tríd	tríṫi	trínn	tríḃ	tríoṫu
uaim	uait	uaiḋ	uaiṫi	uainn	uaiḃ	uaṫu
umam	umat	uime	uimpi	umainn	umaiḃ	umpu

nótaí

nOTAÍ

LIBRARY
12 AUG 1978
UNIVERSITY OF TORONTO

12.1X.8

For Use in Library
Only

PLEASE DO NOT REMOVE
CARDS OR SLIPS FROM THIS POCKET

UNIVERSITY OF TORONTO LIBRARY